

Líonra Gaeilge Charn Tóchair



Gaeilge le Chéile
#GaeilgeLC

CLÁR AN ÁBHAIR

1. Ráiteas ón choiste

2. Cúlra an phróisis pleanála teanga

3.0 Sonraí na ceanneagraíochta

3.1 An Cheanneagraíocht

3.2 Struchtúr an Eagrais

3.3 Struchtúr Feidhmiúcháin Líonra Charn Tóchair

3.4 Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga

3.5 Eolas ábhartha eile

4. Léargas ar Cheantar Pleanála Teanga an Líonra Gaeilge

5. Fís agus Móraidhmeanna

6. Léargas ar ullmhú an phlean

7. Torthaí an taighde

8. Bearta an phlean teanga

9. Costais agus maoiniú

10. Forbairt feasachta agus poiblíochta

11. Feidhmiú agus monatóireacht

12. Aguisín

1 - Conradh Oifigigh Pleanála Teanga - OPT

1.0 RÁITEAS Ó CHOISTE LÍONRA CHAIRN TÓCHAIR

Tá fíis agus fealsúnacht Charn Tóchair bunaithe agus dírithe ar fhorbairt comhphobail. Ag tús na nóchaidí bhí an ceantar ag fulaingt i ndiaidh na gcéadta bliain d'imeallú agus leithcheal eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha agus teanga. Bhí na comharthaí ar mheath sóisialta le feiceáil sa cheantar idir bhánú na tuaithe, easpa seirbhísí sóisialta agus comhphobail, dífhostaíocht agus mheath geilleagrach. Cé go raibh comhphobal bríomhar sa cheantar, d'aithin daoine sa phobal go raibh géarghá le straitéis forbartha tuaithe chun fáinne fí mheath an chomhphobail a bhriseadh.

Bunaíodh Coiste Forbartha Charn Tóchair taobh istigh den chomhthéacs seo i mí Eanáir 1992. Ó bunaíodh an coiste tá réimse leathan tionscadal curtha chun cinn aige – tionscadail oideachais, eacnamaíocht shóisialta, óige, chultúrtha agus timpeallachta - agus an Ghaeilge i gcoílár na dtionscadal seo uilig. Shocraigh an coiste ón tús gur ceann de na bunchuspóirí a bheadh acu go gcuirfí an Ghaeilge ar ais i mbéal an phobail sa cheantar. Bhí a fhios ag an phobal go raibh an Ghaeilge á labhairt sa cheantar go dtí an 20ú haois agus dar leis an choiste go mbeadh sé tábhachtach ó thaobh fhéinmhuinín an phobail go mbeadh an ghné sin dár gcultúr ar ais againn.

Le seacht mbliana is fiche anuas tá an coiste i mbun gluaiseacht cheannródaíoch athbhunaithe teanga i gceantar tuaithe. Is i gCarn Tóchair a bunaíodh an chéad náiscoil Ghaeilge faoin tuath aon áit in Éirinn taobh amuigh den Ghaeltacht, in 1992, agus bunaíodh an chéad Ghaelscoil tuaithe sa tír mar an gcéanna an bhliain dár gcionn. Ó shin i leith tá ceannródaíocht teanga á léiriú go leanúnach ag Coiste Forbartha Charn Tóchair agus clú tuillte ag an cheantar mar eiseamláir i dtaca le hathbhunú agus daingniú na Gaeilge mar theanga bheo i measc an phobail. Is léiriú ar an stádas sin go bhfuil duais náisiúnta Ghlór na nGael buaite faoi dhó ag Carn Tóchair, agus is léiriú coincreiteach eile é gur roghnaíodh an ceantar mar cheann de na ceantair Líonra.

Tá dúshraith láidir curtha faoi athbheochan na Gaeilge sa cheantar i rith na tréimhse sin, agus tá pobal óg bríomhar Gaeilgeoirí ag teacht chun cinn atá ar tí an teanga a thabhairt ar aghaidh chuig an chéad chéim eile d'athbhunú na teanga. Tá Coiste Forbartha Charn Tóchair ag súil go dtabharfaidh an scéim Líonra Gaeilge a bhfeachtas athbhunaithe teanga chuig leibhéal níos airde trí bheith ag bunú agus ag cothú comhpháirtíochtaí gníomhacha leis na heagraíochtaí agus forais eile atá gníomhach i measc an phobail sa cheantar. Chomh maith leis sin tá siad ag súil go n-ardóidh an gradam a bhaineann le bheith roghnaithe mar líonra muinín na nGaeilgeoirí agus na neamh-Ghaeilgeoirí sa cheantar go bhfuil bonn eolaíoch tomhaiste faoi na bearta agus straitéis teanga atá á gcur chun cinn ag an choiste.

Aithníonn an coiste go bhfuil ceangal nach beag idir cuspóirí pleanála teanga agus cuspóirí forbartha comhphobail. Is daoine óga iad bunús na nGaeilgeoirí atá i gceantar Charn Tóchair agus beidh orainn a dhéanamh cinnte go bhfuil na daoine sin ábalta fanacht sa cheantar – go mothaíonn siad bród sa cheantar, go bhfuil siad ábalta poist a fháil, go bhfuil tithíocht ar fáil, go bhfuil seirbhísí comhphobail ann agus go bhfuil caighdeán na beatha tarraingteach go leor go mbeidh siad ag iarraidh lonnú sa cheantar. Mar sin de, beidh an coiste ag brú ar aghaidh le réimse leathan imeachtaí agus tionscadail forbartha comhphobail le bheith ag tacú leis na cuspóirí pleanála teanga.



2. CÚLRA AN PHRÓISIS PLEANÁLA TEANGA

D'fhoilsigh Rialtas na hÉireann an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 in 2010, agus ag eascairt as an Straitéis agus le feidhm a thabhairt dá cuspóirí, dhá bhliain níos moille in 2012 achtaíodh Acht na Gaeltachta 2012 ina n-ainmnítear 'Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus Líonraí Gaeilge'. Sonraítear san Acht sin fosta na critéir faoina roghnófaí na ceantair do gach catagóir acu sin, agus sonraítear i gcás na Líonraí gurb é Foras na Gaeilge a dhéanfadh faomhadh, monatóireacht agus measúnú ar na líonraí agus ar chomhlíonadh a bpleananna teanga.

Níl aon réim ag Rialtas na hÉireann sa tuaisceart, ar ndóigh, agus is é an réiteach a fuarthas ar an easnamh sin go roghnófaí dhá cheantar líonra ó thuaidh; is iad Béal Feirste agus Carn Tóchair an dá iarrthóir a bhí rathúil sa chomórtas a reáchtáladh chuige sin. Sa deisceart, tá maoiniú imfhálaithe á chur ar fáil trí Fhoras na Gaeilge do na líonraí ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, ach de bharr na heaspa comhréitigh agus fhionraíocht an fheidhmeannais in Stormont le cúpla bliain ní fhéadfaí aon socrú a dhéanamh maidir le maoiniú ó fheidhmeannas Stormont don dá líonra sa tuaisceart. Dá cheal sin tuigtear dúinn go bhfuil Foras na Gaeilge ag gabháil a mhaoiniú an dá líonra sin go díreach go dtí go dtiocfaidh athrú ar an dóigh

a bhfuil cúrsaí polaitíochta, tráth a bhfeicfear an mbeidh maoiniú ar fáil ó cheann de na ranna i bhfeidhmeannas an tuaiscirt.

Sular scoireadh feidhmeannas Stormont in 2017 bhí Straitéis don Ghaeilge san áireamh i gclár rialtais 2011-2015 an fheidhmeannais, faoi Thosaíocht 4 'Pobal Láidir, Comhroinnte a Chothú'. Luaitear 'Gréasáin agus pobail ardcháilíochta agus inbhuanaithe Ghaeilge a sholáthar' mar bhunaidhm 3 na straitéise seo, agus tá na téarmaí tagartha, mar a léirítear i gcuispóirí na bunaidhme seo, cosúil go maith le téarmaí tagartha na líonraí Gaeilge reatha sa mhéid gur tionscnaimh ghréasánaithe phobail-bhunaithe ar phlean teanga aontaithe atá i gceist.

Mar bhonn faoin Straitéis don Ghaeilge seo tá forálacha Chomhaontú Aoine an Chéasta 1998, Acht Thuaisceart na hÉireann 1998, na Cairte Eorpaí do theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, agus Chomhaontú Chill Rímhinn 2006, mar a nglacann Rialtas na Ríochta Aontaithe air féin a chinntiú go gcuirfear bearta agus tacaíocht reachtaíochta i gcrích le ligean don Ghaeilge agus do phobal na Gaeilge fás agus forbairt mar chuid de shochaí ilchultúrtha thuaisceart na hÉireann.

3. SONRAÍ NA CEANNEAGRAÍOCHTA

3.1 AN CHEANNEAGRAÍOCHT

Bunaíodh Coiste Forbartha Charn Tóchair in 1992 le tabhairt faoi athfhorbairt an cheantair ar bhonn eacnamaíoch, cultúrtha, oidhreachta agus timpeallachta. Bhí athbheochan na Gaeilge mar ghné lárnach de shaothar an Chumann Forbartha ón tús, agus de thoradh breis is cúig bliana is fiche de ghluaiseacht teanga, tá an teanga ag teacht ar ais arís mar theanga bheo i measc aos óg an cheantair agus an córas Gaelscolaíochta bunaithe mar an príomhchóras oideachais sa cheantar.

Nuair a bunaíodh scéim na líonraí Gaeilge, d'éirigh le hiarratas Chumann Forbartha Charn Tóchair a bheith ar cheann den dá Líonra Gaeilge sa tuaisceart. Bunaíodh Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Charn Tóchair le tabhairt faoi chomhordú an phróisis agus le feidhmiú mar choiste stiúrtha don tionscadal ó thús go deireadh. Roghnaíodh baill an choiste go straitéiseach le go mbeadh ionadaíocht ó achan earnáil den phobal idir Ghaeilge, spórt, óige, ghnó agus earnáil phríobháideach.

Tá cur síos déanta ar struchtúr na heagraíochta sna leathanaigh thíos.

3.2 STRUCHTÚR AN EAGRAIS

Is mar choiste forbartha atá CFCT céimnithe, macasamhail chomharchumainn. Is mar bhord stiúrtha a fheidhmíonn CFCT agus déanann baill den bhord sin ionadaíocht ar na fochoistí a bhíonn ag plé go díreach leis na tionscadail chomhphobail atá ar bun sa cheantar. Is ag leibhéal na bhfochoistí a thiteann an Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga.


Tá ar a laghad duine amháin fostaithe ag achan tionscadal comhphobail agus is ag an leibhéal seo a fheidhmeoidh an comhordaitheoir líonra ar bhonn lánaimseartha.

Chomh maith le tionscadail chomhphobail tá roinnt gnólachtaí faoi stiúir CFCT a chuireann réimse seirbhísí ar fáil don phobal, m.sh.

- Siopa An Carn
- bialann An Croí
- Nós na Gaoithe
- Teanga CIC
- Spraoi

Suíonn baill den bhord stiúrtha ar choiste bainistíochta na ngnólachtaí seo chomh maith. Tá sé mar chúram ar na baill boird tuairisciú ar ais chuig CFCT ar bhonn míosúil.

Cairt CHOISTE FORBARTHA CHARN TÓCHAIR – Structúr Bainistíochta an Eagrais & an áit a luífidh bainistíocht tionscadail Líonra




3.3 STRUCHTÚR FEIDHMIÚCHÁIN LÍONRA CHARN TÓCHAIR

Baineadh feidhm as achan ghrúpa sa cheantar leis an phlean seo a chur le chéile agus beidh ionchur suntasach ag achan cheann acu i gcur i bhfeidhm an phlean. Beidh Líonra Charn Tóchair ina cheangaltas do na grúpaí sa sé réimse thíos.

- An earnáil comhphobail & chultúrtha
- An earnáil oideachais
- An earnáil gnó
- Maoinitheoirí
- An comhphobal
- Comhairle & tacaíocht

Déanfar iarracht le linn shaolré an tionscadail leis an mhórphobal i gcoitinne a spreagadh le leas a bhaint as Líonra Charn Tóchair le cur chun cinn na Gaeilge i gCarn Tóchair a dhaingniú agus a bhuanú.

Struchtúr Feidhmiúcháin Líonra Charn Tóchair



Ionchur, plé, comhairliúchán agus comhoibriú idir na grúpaí uile ag gach aon chéim den phróiseas - ag forbairt agus ag cur i bhfeidhm an phlean teanga

An Plean Teanga a fhorbairt & Cur i bhfeidhm an Phlean Teanga

3.4 COISTE STIÚRTHA PLEANÁLA TEANGA:

Tábla 1.

| Ainm | Taithí | Ról |
|---------------------|--|---------------|
| Liam Ó Flannagáin | Cathaoirleach Choiste Forbartha Charn Tóchair. Príomhfheidhmeannach Chomhairle na Gaelscolaíochta. Lárnach in athbheochan na Gaeilge sa cheantar ó a bunaíodh an Coiste in 1992. | Cathaoirleach |
| Niall Ó Catháin | Rúnaí Choiste Forbartha Charn Tóchair. Tógálaí. Lárnach in athbheochan na Gaeilge sa cheantar ó a bunaíodh an Coiste in 1992. | Rúnaí |
| Diarmuid De Brún | Ball de Choiste Forbartha Charn Tóchair. Riarthóir sinsearach bunachair shonraí le Comhairle Cathrach Bhéal Feirste. Dlúthbhaint aige le drámaíocht agus cúrsaí óige. | Cisteoir |
| Gráinne Ní Chatháin | Fostaí de chuid Choiste Forbartha Charn Tóchair, ag plé le cúrsaí óige, timpeallachta agus turasóireacht oidhreachta. Is iardhalta Gaelscoile í Gráinne a tháinig tríd an oideachas lán-Ghaeilge sa cheantar. Ról lárnach aici in imeachtaí óige Chlub Óige Lúraigh. | Ball coiste |
| Leonne Ní Loinsigh | Oifigeach Forbartha Gaeilge faoi Scéim Pobal Gaeilge ó 2008. Ról lárnach aici sna naiscoileanna áitiúla mar nasc idir Coiste Forbartha Charn Tóchair agus na Naiscoileanna. | Ball coiste |

3.5 EOLAS ÁBHARTHA EILE

Bunaíodh Coiste Forbartha Charn Tóchair in 1992 agus ag an am sin bhí an ceantar thíos leis na céadta bliain de mheath sóisialta, eacnamaíochta, cultúrtha agus de bhánú tuaithe.

Ón chéad lá riamh, chreid Coiste Forbartha Charn Tóchair gur chóir go mbeadh athshealbhú na Gaeilge lárnach in aon straitéis dírithe ar atógáil pobal láidir atá bródúil as a dtimpeallacht féin, a n-oidhreacht chultúrtha, agus a dteanga. Go stairiúil bhí ceantar Charn Tóchair ar ceann de na ceantair Ghaeilge dheireanacha i gContae Dhoire, a raibh cainteoirí dúchais beo ann le linn an 20ú haois. Mothaíodh go láidir gur chóir go mbeadh athshealbhú na teanga sin mar cheann de chroispriocanna an Choiste.

Thar na blianta ó bunaíodh é, bhí an coiste an-ghníomhach agus réimse leathan tionscadal á chur i gcrích. Mar chéad thionscadal in 1992 bhunaigh an Coiste Forbartha an chéad naíscoil tuaithe taobh amuigh den Ghaeltacht in Éirinn. An bhliain ina dhiaidh sin bunaíodh Bunscoil Lúraigh, Gaelscoil neamhspleách i Machaire Rátha, maoinithe ag an choiste dheonach, agus i ndiaidh seacht mbliana gan airgead ar bith ón Roinn Oideachais glacadh leis an deis cónascadh a dhéanamh le bunscoil Bhéarla áitiúil go dtí go mbeadh an scoil mór go leor le haitheantas neamhspleách a bhaint amach.

Mar a threisiúitear sa taighde shochtheangeolaíochta ar fad, aithníodh go raibh baol ann nach mbeadh an teanga in úsáid go nádúrtha gan imeachtaí Gaeilge taobh amuigh den tseomra ranga, go háirithe don aos óg. Socraíodh go raibh gá le forbairt san earnáil seo agus thar na blianta tá réimse scéimeanna trí Ghaeilge á sholáthar ag an choiste.

In 2007 scríobhadh an plean straitéiseach ***An Bealach Chun Tosaigh, Straitéis don Ghaeilge i gCarn Tóchair agus i Machaire Rátha***, ina raibh sé chúinse a mhothaigh an coiste “a fhágann go bhfuil aischur na teanga indéanta”:

- 1) ***an céatadán ard de pháistí an phobail a fhreastalaíonn ar Ghaelscoil;***
- 2) ***an méadú ar an líon tuismitheoirí atá ag tógáil a gclainne le Gaeilge;***
- 3) ***an pobal dlúth atá ann cheana féin;***

- 4) ceann de na clubanna CLG is rathúla i nDoire, le traidisiún láidir ag tacú le cur chun cinn na Gaeilge;**
- 5) traidisiún fadbhunaithe de bheith ag cur na Gaeilge chun cinn sa phobal;**
- 6) na cuimhní pobail ar an Ghaeilge mar theanga bheo agus nasc láidir leis an tseansaol Ghaelach, mar shampla leasainmneacha teaghlaigh, logainmneacha áitiúla, agus focail Ghaeilge a mhaireann sa Bhéarla.**

In 2008 d'éirigh leis an choiste an Scéim Pobail Gaeilge, scéim maoinithe de chuid Foras na Gaeilge, a bhaint amach. Scéim maoinithe trí bliana a bhí i gceist agus den chéad uair bhí an coiste ábalta Oifigeach Forbartha Gaeilge a cheapadh le clár cuimsitheach a stiúradh agus a chur i gcrích.

In 2011 bronnadh príomhdhuais náisiúnta Ghlór na nGael ar Choiste Ghlór Charn Tóchair ag tabhairt aitheantais dóibh as an Ghaeilge a chur chun cinn i measc an phobail. Ghlac an tUachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa leis an chuireadh teacht ar cuairt chuig An Carn agus an t-éacht mór seo a aithint agus a cheiliúradh. Le sé bliana anuas, tá príomhdhuais a rannóige féin i gcomórtas Ghlór na nGael, ceantair le daonra faoi bhun 4,000, bainte ag Coiste Forbartha Charn Tóchair agus bhain siad an phríomhdhuais náisiúnta don dara huair in 2014.

Tá an coiste ag obair go dlúth leis na daoine óga sa cheantar agus ag cur deiseanna oiliúna ar fáil dóibh, sa dóigh is gur féidir leo réimse leathan d'imeachtaí a sholáthar don chomhphobal trí Ghaeilge agus go dátheangach. Ó thaobh ranganna de agus cur chun cinn na Gaeilge tá na ranganna agus cúrsaí seo á soláthar: ranganna Gaeilge do dhaoine fásta; dianchúrsaí Gaeilge dhá uair sa bhliain; scoil samhraidh Gaeilge do dhaoine fásta; gearrchúrsa cruinnis Gaeilge; gearrchúrsaí ullmhúcháin Gaeilge do lucht AS/A-Leibhéal agus GCSE; léachtaí trí Ghaeilge agus trí Bhéarla.

Glacann an club óige páirt sna himeachtaí agus feachtas náisiúnta i rith na bliana, chomh maith le club óige seachtainiúil a bheith ann i rith na scoilbhliana do pháistí bunscoile. I measc imeachtaí eile a bhíonn ar siúl don óige tá club mhaidin Dé Sathairn, club spóirt, club dúlra, ranganna ceoil agus ceardlanna ealaíne.

Bíonn réimse féilte ar siúl le linn na bliana, m.sh. Seachtain na Gaeilge, Féile Charn Tóchair, Feis Charn Tóchair agus laethanta spraoi teaghlaigh.

Ar na tionscadail eile atá curtha i gcrích ag an choiste thar na blianta nó atá idir lámha acu faoi láthair, tá:

- scéim tithíochta sealbhaíochta measctha,
- aonaid tionscnaimh,
- siopa ceardaíochta,
- oifig an phoist,
- réimse tionscadail trasphobail,
- cúrsaí oiliúna,
- scéim saorálaíochta,
- scéim bithéagsúlachta,
- ionad ealaíne agus comhdhála (le 220 suíochán & spás ilúsáide),
- togra turasóireachta le dhá mhíle dhéag de chosáin siúlóide,
- tearmann dúlra 210 acra atá faoi úinéireacht an choiste forbartha,
- tograí sláinte agus folláine,
- Garraithe scóir pobail san áireamh.

Tá anois breis agus 200 duine óg ann a bhfuil ardlíofacht sa teanga acu, agus tá fás ag teacht ar líon na ndaoine fásta a bhfuil an líofacht chéanna acu, chomh maith le neart foghlaimeoirí eile agus tá pobal dátheangach ag teacht leis na cainteoirí sin. Tá éiteas an chultúir Ghaelaigh láidir sa cheantar agus tá tacaíocht láidir ann don spórt, ceol agus damhsa, chomh maith le leibhéal ard dea-thola agus comhoibrithe ar son fhorbairt na teanga sa phobal áitiúil.

Tá obair mhór déanta ag Carn Tóchair chun rannpháirtíocht fhorleathan a mhéadú agus chun líofacht teanga a éascú agus a fhorbairt tríd an phobal, ag cur béime ar thógáil líon na ndaoine, an tairseach chriticiúil sin, a bhfuil ardscoilteanna teanga acu, ar féidir leo caighdeán a leagan síos ar a mbeadh teanga úr an phobail bunaithe agus ag feidhmiú ina leith. Chuidigh corplár de theaghlaigh láidre a úsáideann an Ghaeilge mar theanga an tí leis an phróiseas seo, chomh maith le clár imeachtaí óige a chuirtear ar fáil le linn na bliana atá dírithe ar chumas agus líofacht teanga.

Is cuid lárnach de straitéis na heagraíochta é soláthar deiseanna don chéad ghlúin eile sa phobal Béarla (tríd an Ghaeloideachas), leis an iompú teanga sin a thiomáint, agus le bheith mar chuid ghníomhach de phobal Gaeilge atá ag fás go leanúnach.

Creideann an eagraíocht go bhfuil cuid mhór is féidir a bhaint amach tríd an chomhoibriú agus an rannpháirtíocht le pobail Ghaeltachta. Cé go bhfuil riachtanais

agus dúshláin dhifriúla roimh na pobail seo, tá féidearthachtaí iontacha ann i dtaca leis an chomhoibriú, chun dea-chleachtas i leith na teanga ag leibhéal pobail a roinnt.

Tá cur amach agus tairbhí shuntasach ag Coiste Forbartha Charn Tóchair ar gach rud a baineann le hathbheochan teanga bunaithe ar cheannaireacht láidir áitiúil, agus tá tuiscint ag an choiste i leith mhórchéisteanna agus chastacht na pleanála teanga agus an iompaithe teanga a fhorbairt. Tríd an tionscnamh seo ba mhaith leis an eagraíocht athshealbhú na teanga a thabhairt ar aghaidh chuig an chéad leibhéal eile agus déanfar cinnte go mbaintear a oiread feidhme agus tairbhe agus is féidir as na hacmhainní atá acu chun cumas, líofacht agus úsáid na teanga a mhéadú mar chuid de mhóstraitéis atá dírithe san iomlán ar athshealbhú na Gaeilge mar phríomhtheanga labhartha sa phobal.


4. LÉARGAS AR AN LÍONRA GAEILGE

4.1 TOPAGRAFAÍOCHT CHARN TÓCHAIR



Mapa 1. Ceantar Charn Tóchair i gcomhthéacs náisiúnta

Tá Carn Tóchair suite i ndeisceart Co. Dhoire i dtuaisceart Shliabh Speirín agus déantar an ceantar imlíniú i ndearg ar Mhapa 2. Tá an ceantar ar an taobh thuaidh de bhóthar Ghleann Sheáin (A6 Doire- Béal Feirste) agus ar an taobh thiar de bhóthar Chúil Raithin (A29).



ar an tSuaitreach leis an Ghaeilge a chur chun cinn agus tá Carn Tóchair ag tacú leis an fhorbairt seo an oiread agus is féidir.

Ó thaobh na staitisticí de, rinneadh anailís ar an bharda seo go príomha, bunaithe ar dhaonáireamh 2011 agus rinneadh seo ar an tuiscint go raibh sé ionadaíoch ar an chomhphobal. Mar sin féin, ó thaobh stádas na Gaeilge i gCarn Tóchair de, dhéanfaidh na staitisticí seo gannmheastachán ar láidreacht na Gaeilge mar gheall ar na pointí a leanas:

- Bailíodh na staitisticí in 2011 agus tá dul chun cinn déanta ó thaobh fhás agus fhorbairt na Gaeilge ó shin.
- Tá an Ghaeilge níos láidre ar thaobh Charn Tóchair den bharda toisc go bhfuil athbheochan na Gaeilge níos fadbhunaithe.

Thíos tá achoimre ar anailís shocheacnamaíoch atá déanta ag an Ghníomhaireacht um Staitisticí agus Taighde (NISRA) ag déanamh comparáide idir an barda, Comhairle Ceantair Lár Uladh ina bhfuil Carn Tóchair suite, agus staitisticí na sé chontae.

**Tábla 2. Anailís Shocheacnamaíoch Charn Tóchair (Barda an tSuaitrigh),
Comhairle Ceantair Lár Uladh agus na Sé Chontae**

| | Carn Tóchair (An Suaitreach) | | Comhairle Ceantair Lár Uladh | | Na sé chontae | |
|---|---------------------------------|-----|---------------------------------|-----|---------------|-------|
| | | | | | | |
| An daonra 2011 | 3,291 | | 139,903 | | 1,810,863 | |
| Daonra 2017 | 3,572 | | 146,427 | | 1,870,834 | |
| Daonra atá faoi 3 bliana d'aois | 157 | 5% | 6,625 | 5% | 75,152 | 4% |
| Daonra 3+ bliana d'aois | 3,134 | 95% | 133,278 | 95% | 1,735,711 | 96% |
| Ardú daonra 2007-2017 | 514 | 19% | 16,369 | 12% | 105,719 | 5.8% |
| Méid atá in aois "oibrí og" 16-39 | 1,120 | 34% | 47,274 | 34% | 579,782 | 32% |
| Méid atá in aois "oibrí níos sine" 40-65 | 1,012 | 31% | 44,616 | 32% | 597,363 | 33% |
| Méid atá 65+ | 523 | 16% | 20,591 | 15% | 302,975 | 17% |
| Líon na dteaghlach | 945 | | 47,772 | | 703,275 | |
| Meánmhéid na dteaghlach | 3.42 | | 2.93 | | 2.57 | |
| Aois Airmheánach | 33 | | 34 | | 37 | |
| Cúlra Caitliceach | 502 | 88% | 14,090 | 64% | 817,385 | 45% |
| Cúlra Protastúnach | 66 | 11% | 7,393 | 33% | 875,717 | 48% |
| Cúlra eile nó gan a bheith ráite | 2,723 | 1% | 118,420 | 3% | 117,761 | 7% |
| Cumas Gaeilge idir cúpla focal agus líofa san aoisghrúpa 3+ bliana | 970 | 31% | 23,106 | 17% | 184,898 | 11% |
| An méid Gaeilgeoirí atá san aoisghrúpa 3-24 | 447 | 46% | 9,097 | 39% | 65,280 | 35% |
| Daoine a bhfuil fadhbanna sláinte fadtéarmacha acu | 97 | 17% | 4,284 | 19% | 359,117 | 20% |
| Daonra a bhfuil sláinte mhaith nó iontach maith acu. | 477 | 83% | 17,771 | 80% | 1429222 | 80% |
| Daonra atá ag tabhairt cúraim do bhall teaghlaigh, comharsa nó cara | 60 | 11% | 2,362 | 11% | 213,982 | 12% |
| Cáilíocht chéime nó níos airde | 572 | 23% | 22,095 | 21% | 338,544 | 23.65 |
| Gan cáilíocht nó cáilíocht bhunúsach | 986 | 40% | 45,856 | 43% | 581,649 | 41% |
| Méid atá gníomhach ó thaobh an gheilleagair de | 387 | 68% | 14,764 | 67% | 869,767 | 66% |
| Méid nach bhfuil gníomhach ó thaobh an gheilleagair de | 185 | 32% | 7,331 | 33% | 443,653 | 34% |
| Fostaithe | 357 | 62% | 13,076 | 59% | 804,571 | 61% |

| | | | | | | |
|--------------|----|----|-------|----|--------|----|
| Dífhostaithe | 17 | 3% | 1,034 | 5% | 69,978 | 5% |
|--------------|----|----|-------|----|--------|----|

Tá roinnt pointí is fiú a threisiú as na figiúirí atá aibhsithe san tábla mar a leanas:

1. Tá daonra iontach óg sa cheantar – tá 5% den bharda (157) níos óige ná trí bliana d’aois i gcomparáid le 4% sna sé chontae agus is é 33 aois airmheánach daonra Charn Tóchair i gcomparáid le 34 agus 37 sa cheantar comhairle agus sna sé chontae faoi seach.
2. Tá an daonra ag fás go gasta sa cheantar – bhí fás 19% agus 12% sa cheantar agus sa cheantar comhairle faoi seach i gcomparáid le fás 5.8% sna sé chontae.
3. Tá meánmhéid na dteaghlach iontach ard (3.42) i comparáid leis an cheantar comhairle (2.93) agus na sé chontae (2.57). Arís seo comhartha go bhfuil an daonra óg sa cheantar agus tá cuid mhór impleachtaí fadtéarmacha ag gabháil leis an staitistic seo – mar shampla:
 - go fadtéarmach beidh na daoine óga seo ag iarraidh tithíochta as seo amach agus níl soláthar tithíochta sa cheantar faoi láthair.
 - Tá treocht ar fud na hEorpa chuig teaghlaigh bheaga agus Éire san áireamh. Dá mbeadh méid na dteaghlach sa cheantar (3.42) ag bogadh i dtreo mheánmhéid na dteaghlach atá sna sé chontae (2.57), bheadh 33% níos mó tithe de dhíth sa cheantar ná mar atá ann faoi láthair (310 tithe nua), gan aon fhás sa daonra.
4. Cé go bhfuil an ráta dífhostaíochta iontach íseal (3%) sa cheantar agus sa chomhairle ceantair, bheadh níos mó post de dhíth go háitiúil leis na daoine óga a choinneáil sa cheantar. Faoi láthair tá na deiseanna sin ann agus tá an geilleagar faoi bláth, go háirithe na hearnála déantúsaíochta agus bia. Chomh maith leis sin tá an ceantar seo lárnach agus bíonn céatadán measartha ard den daonra ag taisteal go Béal Feirste, Doire srl. Tá buntáiste mór ag an cheantar toisc go bhfuil an geilleagar faoi bhláth agus tugann sé deis dúinn an t-aos óg a choinneáil sa cheantar. Chun seo a bhaint amach, chomh maith le poist, chaithfeadh tithíocht, seirbhísí sóisialta comhphobail agus rudaí eile a bhaineann le caighdeán na beatha a bheith ar fáil sa cheantar – ionas go

mbeidh sé tarraingteach do dhaoine óga agus teaghlaigh nua fanacht sa cheantar agus a bheith ag tógáil clainne sa cheantar anseo as seo amach. Sin obair leanúnach a bhfuil an coiste forbartha ag obair air le fiche bliain anuas agus atá á bhrú chun cinn taobh le taobh leis an phróiseas pleanála teanga.

- Ag dáta an daonáirimh (2011), bhí líon na ndaoine a raibh cumas Gaeilge acu sa cheantar ard (31%) i gcomparáid leis an cheantar comhairle (17%) agus na sé chontae (11%). Creidtear gur sin mar gheall ar an obair uilig atá déanta sa cheantar le corradh is cúig bliana is fiche anuas chun an Ghaeilge a chur chun cinn i mbéal an phobail. Is léir chomh maith go bhfuil an t-aos óg níos mó chun cinn ó thaobh chumas na Gaeilge de agus bhí 46% de na daoine a bhfuil cumas Gaeilge acu san aoisghrúpa 3-24 i comparáid le 39% agus 35% sa cheantar comhairle agus na sé chontae faoi seach. Tá sé beagnach ocht mbliana ó bailíodh na figiúirí seo agus is léir go mbeadh dul chun cinn suntasach déanta ó shin.

Tá miondealú míonsonraithe déanta ar chumas na Gaeilge sa daonáireamh san tábla thíos:

Tábla 3. Miondealú ar mhionsonraí an daonáirimh ó thaobh na Gaeilge de

| | Carn Tóchair (An Suaitreach) | | Comhairle Ceantair Lár Uladh | | na sé chontae | |
|--|------------------------------|--------------|------------------------------|--------------|---------------|--------------|
| Daonra 3+ bliana d'aois | 3,134 | | 133,278 | | 1,735,711 | |
| An Ghaeilge a thuiscint | 859 | 27.4% | 20,262 | 15.2% | 161,662 | 9.3% |
| An Ghaeilge a labhairt | 585 | 18.7% | 13,321 | 10.0% | 104,943 | 6.0% |
| An Ghaeilge a léamh | 479 | 15.3% | 10,927 | 8.2% | 87,871 | 5.1% |
| An Ghaeilge a scríobh | 423 | 13.5% | 9,604 | 7.2% | 76,647 | 4.4% |
| Cumas Gaeilge idir léamh, scríobh, tuiscint agus labhairt | 970 | 31.0% | 23,106 | 17.3% | 184,898 | 10.7% |

Léiríonn an tábla seo go bhfuil céatadán ard sa cheantar atá ábalta an Ghaeilge a thuiscint (27.4%) agus go raibh beagnach 19% ábalta an Ghaeilge a labhairt. Arís is léir go mbeadh dul chun cinn déanta a bhí na figiúirí ó bailíodh iad in 2011, go háirithe i measc na ndaoine óga.


4.3 EARNÁIL AN OIDEACHAIS

Tá straitéis athbheochan na Gaeilge sa cheantar tógtha go príomha ar bhunsraith earnáil an Ghaeloideachais. Tá fás agus forbairt déanta ar an earnáil seo ó thosaigh Naíscoil Charn Tóchair, an chéad naíscoil tuaithe taobh amuigh den Ghaeltacht in Éirinn, in 1992. Thosaigh an earnáil i gContae Dhoire le seachtar daltaí agus naíscoil amháin breis agus cúig bliana is fiche ó shin, agus anois tá cúig Ghaelscoil, ocht naíscoil agus Gaelcholáiste sa chontae. Tá breis agus 500 dalta ag freastal ar Ghaeloideachas sa chontae anois agus níl sin ag cur san áireamh go bhfuil breis agus 350 ag freastal ar an Ghaeloideachas i gCathair Dhoire chomh maith.

Tá sé tábhachtach an Gaeloideachas i gceantar Charn Tóchair a chur i gcomhthéacs an Ghaeloideachais sa chontae, agus go háitiúil i gcomhthéacs earnáil an Ghaeloideachais agus earnáil an Bhéarla.

4.3.1 COMHTHÉACS - STÁDAS AN GHAELOIDEACHAIS I GCONTAE DHOIRE

Mar an chéad ghníomhaí in earnáil an Ghaeloideachais sa mhórcheantar, d'imir Carn Tóchair ról lárnach i bhfás earnáil na Gaelscolaíochta sa chontae. Bhunaigh Carn Tóchair brúgrúpa, Gaeloideachas Chontae Dhoire, chun bheith ag feachtasaíocht agus ag tacú le forbairt na Gaelscolaíochta. Chuidigh muintir Charn Tóchair le grúpaí eile an Ghaelscolaíochta a fhorbairt i gceantracha s'acu. Tugadh comhairle agus cuidiú agus rinneadh ábhar margaíochta do na naíscoileanna agus bunscoileanna chun líon na n-iontrálacha a ardú chun inbhuanaitheacht a bhaint amach. De réir a chéile d'fhorbair gréasán láidir Gaelscoileanna agus naíscoileanna agus tá an earnáil ag borradh in aghaidh na bliana i dtólamh. Tá tíreolaíocht na hearnála sa chontae (agus cóngarach dó) leagtha amach ar Mhapa 3.



Mapa 4: Earnáil an Ghaeleideachais i gContae Dhoire

4.3.2 COMHTHÉACS – STÁDAS AN GHAELOIDEACHAIS GO HÁITIÚIL

Sa dóigh chéanna a bhfuil an Gaeleideachas ina bunsraith ag athbheochan na Gaeilge, is í earnáil na náiscolaíochta bunsraith earnáil an Ghaeleideachais. Tá rath an Ghaeleideachais ag brath go hiomlán ar shláinte na Náiscoilleana atá ag feidhmiú mar scoileanna friothálacha, ó thaobh líon na n-iontrálacha, chaighdeán an oideachais agus foghlaim teanga de. Thosaigh na Gaelscoilleana uilig sna ceantracha i gContae Dhoire amach in ndiaidh náiscoil a bhunú, agus sin mar a tógadh an gréasán forleathan atá ann anois.

Tá an próiseas sin ag tarlú i gcónaí agus tá na bearnaí i soláthar an Ghaeleideachais sa chontae á líonadh isteach agus an Ghaeleideachas a spréadh amach chuig comhphobail eile. Tá náiscoil Ghaeilge i Machaire Rátha atá ag feidhmiú mar scoil fhriothálach don Gaelscoil áitiúil, Bunscoil Naomh Bríd i gCarn


Tóchair. Tá Bunscoil Naomh Bríd thar an toilleadh scoile (22) in aghaidh na bliana le ceithre bliana anuas. Chomh maith leis sin, thosaigh an comhphobal ar an tSuaitreach Náiscoil i Meán Fómhair 2017. Mar sin de, tá i bhfad níos mó éilimh ag teacht chun cinn agus ag cruthú deiseanna le hearnáil na Gaelscolaíochta a fhorbairt.

Is fiú líon na ndaltaí in earnáil na Gaeilge a chur i gcomhthéacs dhaonra na haoise náiscoil ar fad sa cheantar. Tá náiscoil Bhéarla amháin taobh istigh den cheantar ach tá ceithre cinn idir Machaire Rátha agus An Suaitreach.

Tá comhpháirtíocht agus obair leanúnach ar bun idir Coiste Forbartha Charn Tóchair agus Comhairle na Gaelscolaíochta leis an earnáil a chur chun cinn chun leas an phobail i gcoitianta. Beidh ról lárnach le himirt ag Comhairle na Gaelscolaíochta i bplean teanga Líonra Charn Tóchair.

4.3.3 NAÍSICOILEANNA

Mapa 5: Earnáil na náiscolaíochta – Idir Ghaeilge agus Bhéarla i gCarn Tóchair agus na ceantair máguaird.



Tá líon na ndaltaí atá sa bhliain réamhscoile ag freastal ar na náiscoilleana Gaeilge agus Béarla seo sna táblaí thíos:

Tábla 4 Naíscoileanna

| Tábla 5 Naíscoileanna Bhéarla | Líon na ndaltaí 2018/19 |
|--------------------------------------|--------------------------------|
| 1. Stepping Stones | 9 |
| 2. Glenview | 33 |
| 3. Busy Bee | 15 |
| 4. Little Rainbows | 26 |
| 5. Gran Tots | 28 |
| Iomlán | 111 |

Ag an bhomaite, cé go bhfuil eanáil na naíscolaíochta láidir i gCarn Tóchair, tá an eanáil go fóill beag sna ceantair máguaird agus bheadh féidearthacht fáis sna ceantair sin go háirithe.

Ag díriú isteach ar eanáil na naíscolaíochtaí Gaeilge, leagtar amach líon na ndaltaí a rinne freastal ar na naíscoileanna le linn na mblianta seo chuaigh thart leagtha sa tábla thíos.

| Ainm na náiscoil | Líon na ndaltaí 2018/19 |
|------------------------------------|--------------------------------|
| 1. Náiscoil Charn Tóchair | 17 |
| 2. Náiscoil Mhachaire Rátha | 11 |
| 3. Náiscoil Ghreanacháin | 10 |
| Iomlán | 38 |


Tábla 6 Naíscoileanna

| Bliain | 06/ 07 | 07/ 08 | 08/ 09 | 09/ 10 | 10/ 11 | 11/ 12 | 12/ 13 | 13/ 14 | 14/ 15 | 15/ 16 | 16/ 17 | 17/ 18 | 18/ 19 | 19/ 20 |
|---|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|
| 1. Naíscoil Mhachaire Rátha | 10 | 12 | 14 | 18 | 14 | 15 | 13 | 18 | 13 | 13 | 14 | 13 | 11 | 11 |
| 2. Naíscoil Charn Tóchair | 8 | 9 | 8 | 7 | 10 | 8 | 14 | 9 | 13 | 14 | 13 | 15 | 15 | 17 |
| 3. Naíscoil Greanacháin | | | | | | | | | | | | | 10 * | 10 * |
| Líon na ndaltaí ag Naíscoil sa cheantar | 18 | 21 | 22 | 25 | 24 | 23 | 27 | 27 | 26 | 27 | 27 | 28 | 26 | 28 |

** Tá An Suaitreach faoi láthair ag obair ar sholáthar Gaeloideachais agus ní fheidhmíonn an naíscoil seo mar scoil fhriothálach le Bunscoil Naomh Bríd*

Cuireadh líon na ndaltaí ag fágáil Naíscoileanna i gcomparáid le líon na ndaltaí ag tosú ar Bhunscoil Naomh Bríd i gCarn Tóchair agus taispeántar sa ghraf thíos:

Graif 1 Líon na ndaoine atá ag freastal ar Naíscóil agus atá ag aistriú chun na Gaelscoile in aghaidh na bliana



Tá sé le feiceáil ón ghráf go raibh bearna idir líon na ndaltaí a bhí ag imeacht ó na naíscóileanna agus an méid ag tosú ar bhunscoil lán-Ghaeilge ar feadh na mblianta. Tá an bearna seo ag druidim le ceithre bliana anuas agus sin comhartha maith ó thaobh éifeachtacht na naíscóileanna de. Chomh maith leis sin chuidigh sé go mór le líon na n-iontrálacha agus inbhuanaitheacht na bunscoile.

Cé gur fhás líon na n-iontrálacha in earnáil na Gaelscolaíochta ní raibh an oiread fáis agus a d'fhéadfadh a bheith ar rollaí na naíscóileanna. Tá toilleadh suntasach nach bhfuil in úsáid sna aínscoileanna. Tá Naíscóil Charn Tóchair agus Naíscóil Machaire Rátha cláraithe fá choinne 24 an ceann (agus tá Naíscóil Ghreanacháin cláraithe le 20 a ghlacadh). Tá impleachtaí eile ag baint leis an toilleadh seo, mar shampla, nuair nach bhfuil an rolla lán acu bíonn easnamh sa bhuiséad agus cuireann sé níos mó brú ar na coistí airgead a thógáil.

4.3.3 DEISEANNA AGUS SPRIOCANNA A BHAINNEANN LE HEARNÁIL NA NAÍSOLAÍOCHTA

Mar cheann de na spriocanna, tá CFCT ag iarraidh forbairt agus tacaíocht a thabhairt d'earnáil na náiscolaíocht. Tá sé mar sprioc acu a líon rolla a ardú agus tacaíocht a thabhairt dóibh ionas go mbeidh na hacmhainní pearsanta, cóiríochta, airgeadais srl. acu le bheith ag soláthar ardchaighdeán oideachas réamhscoile.

Fuair an coiste amach ón chomhairliúchán a rinneadh agus ó na grúpaí fócais go bhfuil easpa eolais fán earnáil i measc an ghnáthphobail Béarla agus tá míthuiscint ann go gcaithfidh Gaeilge a bheith ag na tuismitheoirí chun páistí a chur i dtreo an Ghaeloideachais. Dúradh go mbeadh suim ag tuismitheoirí tuilleadh eolais a fháil fán earnáil agus go mbeadh suim acu a bpáistí a chur i dtreo náiscolaíochta le triail bliana a bhaint as an Ghaeloideachas, gan cinneadh cinnte a dhéanamh ar rogha bunscolaíochta. Go minic osclaíonn an t-eispéireas seo a n-intinn i leith an Ghaeloideachais.

Mar chuid den phróiseas pleanála teanga beidh siad ag tabhairt faoi intinn na dtuismitheoirí a oscailt i leith an Ghaeloideachais agus a suim a spreagadh inár dteanga. Tabharfar tacaíocht do na tuismitheoirí ar dhóigheanna difriúla má tá siad ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim, agus beidh meantóireacht agus tacaíocht eile ar fáil má tá siad ag iarraidh a bheith ag úsáid na Gaeilge sa teach. Leagtar amach an tacaíocht seo i mbeart 3. Tá ról lárnach á imirt ag Conradh na Gaeilge Charn Tóchair in earnáil na náiscolaíochta sa cheantar agus iad gníomhach i bpleanáil agus earcaíocht do na náiscolaíochta chomh maith le comhoibriú le CFCT, Altram, Gaelchursaí agus Glór na nGael.

4.3.4 EARNÁIL NA BUNSCOLAÍOCHTA


Ag an bhomaite níl ach soláthar amháin Gaelscolaíochta sa mhórcheantar. Is aonad lán-Ghaeilge é atá mar chuid de scoil Bhéarla St Brigid's Primary/Bunscoil Naomh Bríd i dTír Chiana. Tá 151 dalta ag freastal ar an aonad Gaeilge (scoilbhliain 2018/19) agus tá 75 ag freastal ar an taobh Béarla. Is é seo an t-aon aonad Gaelscolaíochta sna sé chontae ina bhfuil an t-aonad níos mó ná an mháthairscoil. Beidh líon na ndaltaí ag ardú arís ar an bhliain seo chugainn mar tá an scoil ag súil le 26 ag teacht isteach ar rang 1 agus ní beidh ach 13 ag imeacht ó R7. Tá an scoil

cláraithe fá choinne líon iontrála 22 ar an taobh Gaeilge agus de ghnáth bíonn sé thar an uimhir seo.

Níl aon toilleadh fágtha san aonad agus tá buairt ann go mbeidh na ranganna ag éirí rómhór nó go mbeidh ar an scoil daltaí a dhiúltú má ardaíonn líon na dtuismitheoirí atá ag iarraidh Gaeloideachais dá bpáistí. Tá an coiste ag déanamh iarrachta earnáil na náiscolaíochta agus earnáil na Gaelscolaíochta a fhorbairt agus tá géarghá le tuilleadh áiteanna Gaeloideachais a fhorbairt sa mhórcheantar.

Tá gá le hathamharc straitéiseach a dhéanamh ar an tsoláthar Gaelscolaíochta i gCarn Tóchair agus ar an tsoláthar eile atá pleanáilte ar an tSuaitreach lena dhéanamh cinnte go bhfuil an earnáil láidir agus go bhfuil go leor spásanna ann don fhás a bhfuil an coiste ag súil leis tarlú le linn na mblianta atá romhainn.

Is fiú líon na ndaltaí in earnáil na Gaeilge a chur i gcomhthéacs dhaonra na haoise bunscoile sa mhórcheantar. Seachas an taobh Béarla ag St Brigid's tá ceithre bhunscoil Bhéarla idir Machaire Rátha agus an Suaitreach.



Mapa 6 Earnáil na Bunscolaíochta, idir Ghaelscoileanna agus scoileanna Béarla i gCarn Tóchair agus na ceantair máguaird.

Leagtar amach sna táblaí thíos líon na ndaltaí atá sna bunscoileanna:

Tábla 7 Gaelscoil sa cheantar

| Ainm na bunscoile | Líon na ndaltaí 2018/19 |
|--|-------------------------|
| 1. Bunscoil Naomh Bríd (taobh Gaeilge) | 151 |
| iomlán | 151 |

| Ainm na Bunscoile | Líon na nDaltaí 2018/19 |
|-------------------|-------------------------|
|-------------------|-------------------------|

| | |
|---|------------|
| 1. St Brigid's PS (taobh Béarla) | 75 |
| 2. Glenview | 242 |
| 3. Maghera Primary School | 100 |
| 4. Glen | 189 |
| 5. St John's Swatragh | 206 |
| Iomlán | 812 |

Tábla 9 Líon na bpáistí i rang 1 i gcomparáid le líon na ndaltaí sa scoil

| Bliain Scoile | 03/ 04 | 04/ 05 | 05/ 06 | 06/ 07 | 07/ 08 | 08/ 09 | 09/ 10 | 10/ 11 | 11/ 12 | 12/ 13 | 13/ 14 | 14/ 15 | 15/ 16 | 16/ 17 | 17/ 18 | 18/ 19 | 19/ 20 |
|---|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|-----------|
| Líon na n-iontrála ag aistriú go Gaelscoil | 13 | 8 | 12 | 13 | 15 | 13 | 14 | 13 | 14 | 14 | 21 | 20 | 20 | 26 | 27 | 24 | 26 |
| Líon na nDaltaí ag an Bhunscoil. | 65 | 64 | 62 | 66 | 75 | 81 | 86 | 86 | 94 | 96 | 104 | 110 | 115 | 127 | 140 | 151 | 163 |

Taispeánann an tábla thuas líon na n-iontrálacha agus rolla na scoile le cúig bliana déag anuas agus líon na n-iontrálacha atá measta don bhliain seo chugainn.

Tá sé le feiceáil go raibh líon na n-iontrálacha measartha socair ar feadh deich mbliana idir 2003 agus 2012/3 agus taobh istigh de bliain amháin d'ardaigh líon na n-iontrálacha go suntasach thart ar 50% agus tá sé ardaithe arís ó shin.


Tharla cúpla rud thart fán am sin a chuidigh go mór le líon na dtuismitheoirí a bhí ag roghnú an Ghaeilgeachais:

1. D'fhostaigh an chraobh áitiúil de Chonradh na Gaeilge duine go lánaimseartha ar feadh trí bliana le bheith ag déanamh poiblíochta faoin Ghaeilge agus ag eagrú tacaíochta do thuismitheoirí chun eolas a fháil ar an Ghaeilgeachas, ranganna agus ceardlanna Gaeilge agus meantóireacht.

2. Tháinig sraithchlár teilifíse (Tóchar an tSaoil) amach bunaithe ar scéal fá lánúin Shasanach (Kelley agus Glenn Hann-White) ag bogadh chuig an cheantar le beirt pháistí s'acu agus iad a bheith páirteach sa chomhphobal agus ag cur páistí chun na Gaelscoile agus ag toiseacht amach ag foghlaim na Gaeilge. D'oscail na cláir seo súile roinnt mhaith de mhuintir na háite ar fhéidearthacht an Ghaeloideachais dá bpáistí – más féidir le teaghlach Sasanach teacht chuig an cheantar agus an Gaeiloideachas a roghnú dá bpáistí, go dtiocfadh le muintir na háite deis a thabhairt dá bpáistí an teanga s'acu féin a fhoghlaim. Chuidigh na cláir seo lena chur ar a súile don mhórphobal go bhfuil rud iontach speisialta ag tarlú sa cheantar agus go dtiocfadh leo a bheith páirteach ann. Léirigh Tóchair an tSaoil an chumhacht atá ag na meáin agus go háirithe clár teilifíse ó thaobh ardú suime sa ghnáthphobal a bheith páirteach i saol na Gaeilge.

Tá treocht an fháis seo le feiceáil sa ghraf thíos.

Graf 2 Fás i líon na ndaltaí ag freastal ar Ghaeloideachas i gCarn Tóchair



Tá géarghá ann anois le bheith ag cuir tuilleadh spáis Gaelscolaíochta ar fáil sa mhórcheantar, ionas nach mbeidh barraíocht brú ar aon soláthar amháin agus go mbeidh earnáil na Gaelscolaíochta láidir sa mhórcheantar.

Tá Comhairle na Gaelscolaíochta anois ag tabhairt faoi seo agus, fríd an phróiseas pleanála ceantair oideachais, tá siad ag glacadh cur chuige straitéiseach chun an earnáil a fhorbairt.

4.3.5 EARNÁIL NA MEÁNSCOILE

Go dtí 2015 ní raibh aon soláthar meánscolaíochta lán-Ghaeilge ar fáil sa mhórcheantar. Chuir Coláiste Phádraig, Machaire Rátha, sruth Gaeilge neamhoifigiúil ar fáil in 2001 agus bhíodh roinnt ábhar ar fáil trí mheán na Gaeilge d'iardhaltaí Gaelscoile. Bhí seo ina chéim thábhachtach go dtí go mbeadh scoil dara leibhéal saintógtha ann dóibh siúd a bhí ag iarraidh meánscolaíocht trí Ghaeilge sa cheantar. Cé go bhfuil Gaelcholáiste Dhoire ag feidhmiú le ceithre bliana, tá ról tábhachtach á imirt ag Coláiste Phádraig, Machaire Rátha, sa mhéid is go raibh daltaí ó Charn Tóchair ag freastal air roimh bhunú Ghaelcholáiste Dhoire agus tá daoine óga eile a roghnaigh é ó shin mar a gcéad rogha. Beidh iarracht leanúnach á déanamh lena chinntiú go mbíonn na deiseanna céanna ó thaobh teanga de ag achan duine óg as Carn Tóchair, cibé meánscoil a ndéanann siad freastal air.

Rinneadh comhairliúchán ar phobal na Gaeilge agus d'aontaigh siad gurbh fhearr i bhfad go mbeadh soláthar tumoideachais lán-Ghaeilge ar fáil sa cheantar agus shocraigh siad a chur le chéile grúpa oibre chun Gaelcholáiste a fhorbairt. Cuireadh tús leis an choiste seo in 2009 agus i ndiaidh cúig bliana agus diúltú amháin, d'aontaigh an Roinn Oideachais moladh forbartha Ghaelcholáiste Dhoire a cheadú i mí na Samhna 2014. D'oscail doirse an Ghaelcholáiste i Meán Fómhair 2015 sa chaisleán i nDún Geimhin agus cuireadh fáilte roimh shé dhalta dhéag don chéad bhliain.

Bhí muintir Charn Tóchair lárnach agus chun tosaigh i bhforbairt na scoile ó thús deireadh an fheachtais. Ar an chéad dul síos, bhí moladh ann a scoil a lonnú i Machaire Rátha ach ansin socraíodh go mbeadh sé níos fearr a bheith lonnaithe i nDún Geimhin le bheith ábalta daltaí na nGaelscoileanna i Léim an Mhadaidh agus i gCathair Dhoire a mhealladh chun na scoile. Imríonn muintir Charn Tóchair ról



Mapa 7 Gaelcholáiste Dhoire i gcomhthéacs cheantar Charn Tóchair agus na Meánscoileanna Béarla sa mhórcheantar.

iontach lárnach go dtí an lá atá inniu ann agus tacaíonn comhphobal Charn Tóchair go mór leis an scoil.

Tábla 10 Líon na ndaltaí ar Ghaelcholáiste Dhoire

| Ainm na meánscoile | Líon na nDaltaí 2018/19 |
|-------------------------|-------------------------|
| 1. Gaelcholáiste Dhoire | 121 |

| | |
|---------------|------------|
| iomlán | 121 |
|---------------|------------|


Tábla 11 Meánscoileanna Béarla

| Ainm na Meánscoile | Líon na nDaltaí 2018/19 |
|--------------------------|-------------------------|
| 1. St Patrick's Maghera | 1,304 |
| 2. St Patrick's Dungiven | 261 |
| iomlán | 1,565 |

Ó thosaigh an Gaelcholáiste tá líon na n-iontrálacha ag ardú in aghaidh na bliana. Tá anois 121 dalta ag freastal ar an scoil agus tá 58 cláraithe mar chéad rogha don bhliain seo chugainn.

| Bliain | 15/16 | 16/17 | 17/18 | 18/19 | 19/20 | 20/21 | 21/22 | 22/23 | 23/24 | 24/25 |
|---|-------|-------|-------|-------|-------|-------|-------|-------|-------|-------|
| Líon na n-iontrálacha ag aistriú chun an Ghaelcholáiste | 16 | 32 | 33 | 40 | 58 | 65 | 70 | 74 | 80 | 80 |
| Rolla na scoile go dtí 2019/20 | 16 | 48 | 81 | 121 | 179 | 244 | 314 | 372 | 420 | 467 |
| Méid atá ag aistriú ó Charn Tóchair | 11 | 9 | 8 | 12 | 12 | 15 | 16 | 19 | 20 | 21 |
| Méid ó Charn Tóchair atá ag an scoil go 2019/20 | 11 | 20 | 28 | 40 | 52 | 67 | 83 | 91 | 102 | 115 |
| Céatadán ó Charn Tóchair ag an scoil | 69% | 42% | 35% | 33% | 29% | 27% | 26% | 24% | 24% | 25% |

Ag an bhomaite is as Carn Tóchair do chéatadán suntasach de dhaltai an Ghaelcholáiste ach as seo amach beidh an céatadán sin ag ísliú toisc go mbeidh líon na ndaltaí ó na scoileanna eile sa chontae ag ardú de réir a chéile. Go meántéarmach tá CFCT ag súil leis go mbeidh 80 ag dul isteach sa Ghaelcholáiste in aghaidh na bliana, go mbeidh 550+ ag freastal ar an scoil taobh istigh de dheich mbliana agus gur as Carn Tóchair 25% de dhaonra na scoile.



Faoi 2024/25 tá CFCT ag súil leis go mbeidh 100 dalta scoile as Carn Tóchair ag freastal ar an Ghaelcholáiste agus fán am sin beidh ocht n-iardhalta is fiche Gaelcholáiste as Carn Tóchair cheana féin imithe ón scoil.

Agus obair óige á déanamh leis na daoine óga, tá tús curtha cheana féin ag tabhairt faoi deara go bhfuil caighdeán Gaeilge na ndéagóirí ardaithe go suntasach agus go bhfuil i bhfad níos mó daoine óga ag baint úsáid as an Ghaeilge go laethúil agus go nádúrtha. Is é an Gaelcholáiste an dul chun cinn is suntasaí ó thaobh pleanála teanga sa mhórchéantar ó thosaigh Gaeloideachas sa cheantar. Anois agus líon na ndaltaí ag ardú in aghaidh na bliana, tugann sé seans dúinn mais chriticiúil de

dhaoine óga le líofacht ard Gaeilge labhartha a bheith againn. Tá seo de dhíth go mór má tá forbairt comhphobail Gaeilge le bheidh ann sna blianta atá romhainn, comhphobal ina bhfuil an Ghaeilge á labhairt go nádúrtha go laethúil agus go forleathan.

4.4 SEIRBHÍSÍ LUATHÓIGE

Níl seirbhís cúraim leanaí ar fáil sa cheantar i nGaeilge, agus tá sé sin ar cheann de na bearnaí a shainítear mar bheart ag Coiste Forbartha Charn Tóchair faoin scéim líonra. Níl seirbhísí stáit ar fáil i nGaeilge ach an oiread sa cheantar, ach gach duine ag brath ar ghnáthsheirbhísí stáit an cheantair.

Ó thaobh tacaíocht don Ghaeilge sa luathóige, tá clár cuimsitheach á riar ag CFCT chun tacú leis na naiscoileanna Gaeilge áitiúla agus leis na tuismitheoirí agus teaghlaigh a chuireann páistí chucu, trí ghníomhaíochtaí ar nós grúpa Tuistí agus Tachráin agus imeachtaí eile a thugann deis gréasánaíochta dóibh, trí ranganna agus cúrsaí le tacú le insealbhú na Gaeilge sa bhaile, agus trí phacáistí saindeartha d'áiseanna foghlama i gcló agus ar líne a éascaíonn cúrsaí do tuismitheoirí atá ag foghlaim Gaeilge nó ar mhaith leo an Ghaeilge a thabhairt isteach ina saol sa bhaile le tacú lena bpáiste atá sa chóras Gaeloideachais.

4.5 SEIRBHÍSÍ DON AOS ÓG AGUS D'AOISGHRÚPAÍ EILE

Tá clubanna óige agus iarscoile á reáchtáil ar bhonn seachtainiúil trí Ghaeilge ag Club Óige Lúraigh agus freastal maith orthu, agus bíonn deiseanna ag an aos óg iontu ó am go ham a bheith páirteach in imeachtaí Gaeilge a bhaineann le forbairt phearsanta agus oideachas. Tá Club Óige Lúraigh cláraithe mar club de chuid an Údaráis Oideachas. Ó thaobh daoine níos sine, tá réimse seirbhísí i nGaeilge ar fáil ag An Carn cosúil le Siopa an Chairn, Oifig an Phoist, bialann An Croí, ionad ealaíne agus imeachtaí An Coire srl.

4.6 DEISEANNA FOGHLAMA LASMUIGH DEN CHÓRAS OIDEACHAIS

Tá béim mhór ag Coiste Forbartha Charn Tóchair le blianta fada ar na deiseanna foghlama taobh amuigh den chóras oideachais. Bíonn seacht leibhéal de ranganna Gaeilge in An Carn ar bhonn seachtainiúil, bíonn ranganna Gaeilge á gcomhordú sna clubanna CLG áitiúla, bíonn dianchúrsaí ann gach ráithe, bíonn scéimeanna scoláireachtaí ann le daoine a spreagadh le dul chun na Gaeltachta, agus cuireann clár cuimsitheach imeachtaí sóisialta Gaeilge ar nós an Chumainn Ghaelaigh, Abair Amhrán, Aisteoirí Charn Tóchair, Féile Charn Tóchair, Seachtain na Gaeilge srl go leor deiseanna neamhfhoirmeálta foghlama ar fáil do dhaoine atá ag iarraidh a gcuid Gaeilge a fheabhsú agus líofacht a bhaint amach.

4.7 AN EARNÁIL GNÓ

Bíonn feachtais á reáchtáil ag CFCT leis na gnólachtaí áitiúla i mbaile Mhachaire Rátha le feiceálacht agus feasacht ar an Ghaeilge a chur chun cinn, ach tá dúshláin le sárú go fóill mar gheall ar íogaireachtaí polaitiúla i mbaile measctha. Tá réimse de ghnólachtaí á reáchtáil ag CFCT ina bhfuil an Ghaeilge lárnach, ar nós An Carn Siopa, Oifig an Phoist, bialann An Croí, ionad ealaíne agus imeachtaí An Coire, tithe féinfhrestail An Teach Glas, comhlacht imeachtaí Spraoi CIC, comhlacht aistriúcháin, srl. Tá na gnólachtaí sin uilig ag cruthú fostaíochta idir phoist lánaimseartha agus obair pháirtaimseartha do dhaoine fásta agus do dhaoine óga araon, agus cumas sa Ghaeilge ina chritéar bunúsach fána gcoinne. Tá forbairt na turasóireachta cultúrtha agus timpeallachta go mór i gceist ag CFCT agus an Ghaeilge mar ghné lárnach de na pleananna sin.

4.8 EAGRAÍOCHTAÍ POBAIL AGUS COMHARCHUMAINN

Seachas an cumann CLG áitiúil, CLG Shleacht Néill, is é Coiste Forbartha Charn Tóchair an phríomheagraíocht phobail sa cheantar le cúig bliana is fiche. Tá comhpháirtíochtaí bunaithe ag CFCT le CLG Shleacht Néill agus leis an dá chlub eile a bhfuil cuid dá gceantar taobh istigh de raon an cheantair líonra, CLG an tSuaitrigh agus CLG an Ghleanna, agus chomh maith le ranganna Gaeilge a reáchtáil ar bhonn seachtainiúil tá feachtais ardaithe feasachta ar an Ghaeilge ar

bun ag an dá chlub sin. Is ar thailte CLG an tSuaitrigh, mar shampla, atá Naíscoil úr Ghreanacháin suite, agus bíonn ranganna ceoil trí Ghaeilge á soláthar ar bhonn seachtainiúil ag Ceoltóirí Lúraigh i gclubtheach CLG an Ghleanna.

4.9 NA MEÁIN CHUMARSÁIDE

Tá próifíl ghníomhach ag Coiste Forbartha Charn Tóchair agus ag a chlár imeachtaí Gaeilge ar na meáin shóisialta - facebook, twitter, srl. Foilsítear clár dátheangach imeachtaí agus cúrsaí ar bhonn ráithiúil a bhíonn ar fáil i gcló agus ar líne. Bíonn leathanach Gaeilge ag CFCT go rialta sa nuachtán áitiúil, an Derry Post. Chomh maith leis sin bíonn bolscaireacht á déanamh go rialta faoi na himeachtaí Gaeilge ar Raidió na Gaeltachta agus ar BBC Raidió Uladh, agus le roinnt blianta anuas tá go leor míreanna teilifíse déanta ar stáisiúin dhifriúla faoi imeachtaí agus cúrsaí Gaeilge i gCarn Tóchair, rud a thugann próifíl níos airde ná mar is gnách dóibh. Dhá shampla de seo ná Tóchair an tSaoil agus An Geansaí. Cé gur sraith teilifíse é An Geansaí a díríonn ar cúrsaí spóirt den mhórchuid, tar éis cuair a thabhairt ar an cheantar mhothaigh na léiritheoirí go raibh pobal na Gaeilge agus an obair atá ar bun acu sa cheantar ró-lárnach i gcúrsaí an phobail le gan díriú air sin chomh maith.

4.10 SEIRBHÍSÍ POIBLÍ

Mar atá i gceist ar fud na sé chontae, is beag seirbhís don aos óg ná d'aoisghrúpaí eile atá ar fáil i nGaeilge sa cheantar, seachas roinnt seirbhísí teoranta atá ar fáil ó Chomhairle Lár Uladh trína n-oifigigh Ghaeilge, agus dochtúir teaghlaigh amháin a bhfuil Gaeilge aige.

4.11 SEIRBHÍSÍ SÓISIALTA AGUS CAITHEAMH AIMSIRE

Arís, is beag seirbhís den chineál seo atá ar fáil sa cheantar seachas a bhfuil á gcur ar fáil faoi scáth imeachtaí Gaeilge Choiste Forbartha Charn Tóchair. Trí chlár imeachtaí an Chairn féin (Feis Charn Tóchair, Féile Charn Tóchair, Seachtain na Gaeilge srl), drámaíocht le hAisteoirí Charn Tóchair, agus imeachtaí Gaeilge i dTearmann Dúlra Pobail Dhroim nDamh, turais agus gníomhaíochtaí eile a

eagraítear mar chuid de chlár Gaeilge Charn Tóchair, is beag seirbhís eile atá ar fáil i nGaeilge. Is eisceacht shuntasach amháin é CLG Shleacht Néill, áit a bhfuil sciar shuntasach de na cóitseálaithe faoi aois a bhfuil Gaeilge acu agus a bhíonn ag úsáid na Gaeilge ina gcuid cóitseála leis na himreoirí atá ag dul tríd an chóras Gaeloideachais. Déantar iarracht nuair is féidir ceangal a dhéanamh leis na grúpa

4.12 PLEANÁIL AGUS FORBAIRT FHSICIÚIL

Ba í Naíscoil Charn Tóchair an chéad tionscadal a rinne an Coiste Forbartha in 1992 agus bhí sé suite i mbothán réamhdhéanta ag club CLG Shleacht Néill. An bhliain dár gcionn, bunaíodh Bunscoil Lúraigh, Gaelscoil neamhspleách, i Machaire Rátha.

Thóg an pobal áitiúil an t-airgead le foirgnimh mhodúlacha a cheannach agus rinne pobal na scoile an obair uilig leis an tsuíomh a dhéanamh réidh. Thóg an pobal an scoil gan aon tacaíocht nó maoiniú ón stát agus bhí ar an phobal an t-airgead uilig leis an scoil a reáchtáil a bhailiú ar feadh seacht mbliana.

Tógadh breis agus £400,000 le linn na seacht mbliana seo leis an scoil a thógáil agus a reáchtáil. Nuair a fuair an scoil aitheantas agus maoiniú ón stát in 2000, bhí an Coiste Forbartha ábalta díriú isteach ar thionscadail chomhphobail a chur chun cinn.

Go dtí 2000, ní raibh foirgnimh dá chuid féin ag an choiste forbartha agus shocraigh an coiste díriú ar lárionad pobail a thógáil. Thóg an coiste an chéad chuid de lárionad pobail, An Carn, in 2001, ina bhfuil siopa, oifig an phoist, oifigí pobail, seomra cruinnithe agus ranganna agus lárionad gnó. Chosain an lárionad £600,000 idir airgead a bhailigh an pobal agus deontais ón Roinn Talmhaíochta, an Ciste Crannchuir, an chomhairle agus Ciste Idirnáisiúnta na hÉireann.

Faoi 2002, ceannaíodh suíomh agus d'éirigh leis an choiste cead pleanála faoi choinne forbairt tithíochta. I gcomhpháirtíocht leis an Chumann Tithíochta Tuaithe tógadh sé theach agus ligeadh amach ar cíós iad. Leis an fhorbairt tithíochta a bhaint amach, rinneadh stocaireacht leis an údarás pleanála ag an am agus d'ainmnigh siad an ceantar mar Lonnaíocht Tuaithe Scaipthe – rud a rinne níos fusa forbairtí beaga tithíochta a thógáil agus infreastruchtúr comhphobail a thógáil. Ó shin tá roinnt mhaith forbairt fhisiciúil déanta againn sa cheantar, na rudaí a leanas san áireamh:

- **2002** – Sciar 1 (80 acra) de Thearmann Dúlra Droim nDamh, an t-aon tearmann dúlra comhphobail in Éirinn, le seanchoill ársa, seantalamh innilte, bogach agus 1 km d'abhainn bhradáin, an Ghriollach, ar an imeall. Costas £300,000 (deontais agus airgead a bailíodh).
- **2004** – 15 km de shiúlóidí treoraithe ar shliabh Charn Tóchair. Costas £35,000 (deontais agus airgead a bailíodh).
- **2004** – Cheannaigh Naíscoil Charn Tóchair an tseanscoil Bhéarla taobh le lárionad An Carn agus cuireadh dóigh uirthi. Costas £65,000 (airgead a bailíodh agus iasachtaí)
- **2006** – Conair staire, cúig shuíomh déag seandálaíochta agus staire, bealach isteach aontaithe le húinéirí na suíomhanna agus comharthaíocht agus ábhair phriontáilte uilig i nGaeilge agus i mBéarla. Costas £60,000 (deontas agus airgead a bailíodh)
- **2011** – Sciar 2 (130 acra) de Thearmann Dúlra Dhroim nDamh le tuilleadh den seanchoill ársa, bogach, feirm, seantalamh innilte agus 1 km eile d'abhainn bhradáin, an Ghriollach. Costas £ 540,000 (deontais agus airgead a bailíodh).
- **2012** Cosáin tríd an Tearmann Dúlra agus forbairtí eile ar an tearmann. Costas £85,000 (deontas agus airgead a bailíodh)
- **2012** – An Teach Glas: dhá theach lóistín féinfhreastail le trí sheomra leapa en suite an ceann. Costas £225,000 (deontas agus iasacht).

- **2013** – An Coire, Lárionaid Ealaíon agus Comhdhála, le seomraí ealaíne, seomra ilmheáin agus taifeadta, beár agus seomra imeachtaí pobail agus halla ilúsáide atá fóirsteanach do cheolchoirmeacha, comhdhálacha, drámaí, scannáin, damhsa, ranganna aclaíochta, imeachtaí spóirt, imeachtaí pobail m.sh. dinnéir, bainiseacha srl. Costas £580,000 (Deontais agus airgead a bailíodh)
- **2013** – Síneadh áiléir le foirgneamh An Carn chun oifigí pobail, tuilleadh seomraí ranga agus cruinnithe a thógáil. Costas £235,000 (deontais agus airgead a bailíodh)
- **2015** – Gaelcholáiste Dhoire i nDún Geimhin. D’oscail an Gaelcholáiste i Meán Fómhair 2015 i ndiaidh feachtas crua seacht mbliana. Cé nach bhfuil sé lonnaithe i gceantar Charn Tóchair, ba as Carn Tóchair bunús na ngníomhaithe a bhí taobh thiar de agus ba as Carn Tóchair bunús na bpáistí sa chéad bhliain (11 amach as 16). Foirgnimh ar cíos agus costais chaipitil £80,000 (deontas),
- **2016** – Dhá mhuilleann gaoithe le hairgead a thógáil do thionscadail phobail, ag tacú le hobair CLG Shleacht Néill, Coiste Forbartha Charn Tóchair agus Conradh na Gaeilge Charn Tóchair. Costais £875,000 (Iasachtaí agus airgead a bailíodh).
- **2017** – síneadh le Gaelcholáiste Dhoire – sainseomraí Eolaíochta agus Eacnamaíochta Baile ar chostas £800,000 (deontas).
- **2018** – Síneadh le foirgneamh An Carn le bialann An Croí, cistin, stóras srl a thógáil agus le cur le hachar an tsiopa agus oifig an phoist. Costas £425,000 (deontais, iasacht agus airgead a bailíodh).

Thar na blianta tá tacaíocht airgeadais tugtha ó réimse foinse

Tá bunús na hoibre déanta ó thaobh infreastruchtúr fisiciúil de. Tá go fóill cúpla rud atá an coiste ag iarraidh le bheith ag cur lena gcuid hoibre:

- Athchóiriú a dhéanamh ar dhá seomra mhóra in An Coire ionas go mbeidh áit ar leith ann do dhaoine óga agus teaghlaigh mar chuid den tionscadail Tacú

le Teaghlaigh atá á phleanáil. Bheadh lárionad Buail Isteach ann agus bheadh an áit á eagrú le cuidiú ó na cinnirí óga mar chuid den tionscadal ceannasaíochta agus mar chuid den phleanáil comharbais. Bheadh costas thart ar £70,000 i gceist leis seo agus tá obair ag dul ar aghaidh ar iarratais chun cuid de na costais seo a chlúdach.

- Lárionad cúraim leanaí a thógáil, ionas go mbeidh seirbhís cúraim leanaí trí mheán na Gaeilge ar fáil. Bheadh seo lonnaithe ar shuíomh Naíscoil Mhachaire Rátha, suíomh atá iontach lárnach don mhórchéantar. Ó thaobh pleanáil teanga de bheadh an tionscadal seo iontach tábhachtach chun deis cúraim leanaí a bheith ag teaghlaigh atá ag tógáil clainne trí mheán na Gaeilge agus deis a thabhairt do pháistí gan mórán Gaeilge sa bhaile an Ghaeilge a fhoghlaim ó aois iontach óg. Bheadh costais thart ar £450,000 i gceist le seo a sholáthar. Tá an suíomh aontaithe, tá cead pleanála faighte, tá plean gnó déanta agus tá tús curtha anois le airgead a bhailiú do na costais chaipitil.

5.1 AN FHÍS

“Pobal dátheangach a fhorbairt taobh istigh de dhá ghlúin nó roimh 50 bliain, mar a mbeidh an Ghaeilge mar mheán cumarsáide aitheanta ag tromlach an phobail” An Bealach chun tosaigh 2007.

Is é an fhís atá ag an choiste forbartha don Ghaeilge i gceantar Charn Tóchair go mbeadh Gaeilge ag tromlach an phobail i gceann dhá ghlúin, go mbeadh an pobal Gaeilge sa cheantar láidir agus seasmhach, agus go mbeadh an Ghaeilge á húsáid ar bhonn coiteann agus feidhmiúil mar theanga phobail sa cheantar. Óna leagadh síos an fhís thuasluaite in 2007 tá Coiste Forbartha Charn Tóchair ag obair go straitéiseach leis an fhís sin a fhíorú. Tá súil ag an choiste go mbeidh tionchar suntasach ag an líonra i gcur i gcrích na físe sin.

5.2 AIDHMEANNA

Tá sé mhóraidhm sainithe ag Líonra Charn Tóchair thíos nach bhfuil in ord tosaíochta:

- a) Líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil a ardú
- b) Líon na dtuismitheoirí ag tógáil clainne trí Ghaeilge a ardú.
- c) An croíghrúpa Gaeilgeoirí líofa sa cheantar a mhéadú agus a dhaingniú mar phobal a labhraíonn an Ghaeilge mar chéadrogha chumarsáide.
- d) Tuiscint a ardú, spiorad a chothú agus ceannasaíocht a fhorbairt i measc na nGaeilgeoirí agus lucht tacaíochta na Gaeilge.
- e) Cúrsaí margaíochta, poiblíochta agus caidrimh phoiblí a úsáid mar uirlis pleanála teanga.

6. LÉARGAS AR ULLMHÚ AN PHLEAN

Leanadh ceithre chéim leis an phlean seo a ullmhú:

1. Ardú feasachta agus próifíle do thionscadal an líonra Gaeilge.
2. Taighde áitiúil
3. Fócasghrúpaí agus cruinnithe poiblí
4. Taighde ábhartha eile

ARDÚ FEASACHTA AGUS PRÓIFÍLE DO THIONSCADAL AN LÍONRA GAEILGE.


I gcomhpháirt leis na ceithre líonra eile, cinneadh go raibh gá le hardú feasachta don tionscadal ar dhá chúis:

- a) Go mbeadh 'ceannach isteach' níos forleithne ó na pobail áitiúla nuair a thiocfadh an t-am le tabhairt faoin taighde ar an talamh.
- b) Le daoine a chur ag smaoineamh ar chúrsaí teanga agus ar cheist na Gaeilge ar leibhéal bunúsach.
- c) Cur le rannpháirteachas sa phróiseas ó thús deireadh, go háirithe agus an taighde ar bun sna ceantair áitiúla.
- d) Lena chur ina luí ar an phobal gur leo féin an próiseas pleanála teanga agus gur lena leas féin atá an plean teanga á chur le chéile.
- e) Go mbeadh achan cheantar líonra ar comhchéim ó thaobh eolas faoi chúrsaí pleanála teanga ón tús.

Shocraigh na cúig líonra go mbeadh 'Gaeilge Le Chéile' mar ráiteas misin ag an tionscadal. Rinneadh seoladh oifigiúil ar an fheachtas náisiúnta ar an 22ú Feabhra 2018 i bPáirc an Chrócaigh le Bernard Dunne mar aoichainteoir. I láthair ar an lá bhí ionadaithe ó na cúig líonra, an tAire Joe McHugh, Aire Stáit Roinn na Gaeilge, Gaeltachta agus na nOileán, agus Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael, Aogán Ó Fearghail. D'éirigh leis an fheachtas seo ardú próifíle a thabhairt don tionscadal.

Aithníodh ón tús go mbeadh sé ríthábhachtach béim láidir a dhíriú ar na meáin shóisialta agus cuireadh feachtas ar bun leis an teachtaireacht a scaipeadh chomh leathan agus ab fhéidir agus cruthaíodh leathanach Facebook, Twitter agus suíomh greasáin a raibh rochtain ag achan Líonra orthu. Agus an próiseas ar bun sa cheantar, rinneadh achan iarracht eolas a scaipeadh go laethúil tríd na meáin áitiúla go mbeadh deis ann an ráta rannpháirteachais is airde is féidir a bhaint amach.

Cuireadh físeán a raibh achan líonra páirteach ann le chéile leis an teachtaireacht a scaipeadh agus scaipeadh go forleathan ar na meáin shóisialta é.





6.2 TAIGHDE ÁITIÚIL

Úsáideadh taighde cainníochtúil agus taighde cáilíochtúil le measúnú a dhéanamh ar staid reatha na Gaeilge i limistéar Charn Tóchair. In éineacht leis na ceithre líonra eile leagadh amach creatlach de cheistneoir a bheadh riachtanach do na cúig ghrúpa ach leis an fhéidearthacht go bhféadfadh na grúpaí ceisteanna a chur leis a mhothaigh na coistí áitiúla a bheadh tairbheach ina gceantair féin. Rinneadh leagan lán-Ghaeilge agus leagan lán-Bhéarla lena chinntiú go mbeadh daoine ar a gcompord agus é á líonadh acu.

Scaipeadh na ceistneoirí go forleathan i measc an phobail mar seo a leanas:

- a) Scaipeadh cóipeanna leictreonacha trí nasc chuig SurveyMonkey thart ar theagmhálacha Gaeilge agus Béarla An Carn agus ar fud an limistéir Líonra
- b) Scaipeadh cóipeanna leictreonacha ar na meáin shóisialta go forleathan sa dóigh is go mbeadh deis ag diaspóra Charn Tóchair an n-ionchur féin a chur san áireamh.
- c) Cuireadh cóipeanna crua ar fáil in An Carn, An Croí, An Coire agus ag Tearmann Dúlra Dhroim nDamh.

- d) Cuireadh scéal chuig achan tuismitheoir a bhfuil páiste leo ag freastal ar Ghaeloideachas go raibh deis acu ar aiseolas a thabhairt ar cheist na Gaeilge tríd an tsuirbhé.
- e) Scaipeadh cóipeanna ar ranganna Gaeilge sa cheantar do dhaoine fásta.
- f) Scaipeadh cóipeanna crua den cheistneoir ar thrí mhóirmeacht sa cheantar.

Agus an próiseas ar bun sa cheantar, rinneadh achan iarracht eolas a scaipeadh go laethúil tríd na meáin shóisialta agus na meáin chumarsáide go mbeadh an coiste áitiúil in ann an ráta rannpháirteachais is airde is féidir a bhaint amach. Idir fhreagraí ó chóipeanna crua agus ó chóipeanna leictreonach d'éirigh linn breis agus 290 freagra a fháil ó dhaonra thart fá 2500 duine.

6.3 FÓCASGHRÚPAÍ & CRUINNITHE POIBLÍ

Rinneadh lá fócasghrúpaí le réimse grúpaí ón mhórphobal agus bailíodh go leor eolas ábhartha dá bharr sin.

Agus an plean teanga foilsithe beidh cruinnithe poiblí breise á reáchtáil againn le go mbeidh an comhphobal páirteach i bplean gnímh a chur le chéile.

6.4 TAIGHDE ÁBHARTHA EILE

Baineadh úsáid as foinsí eile leis an eolas cuí a eachtarshuí le leas an taighde seo.

- Daonáireamh 2011
- Figiúirí reatha Chomhairle Na Gaelscolaíochta
- NISRA Gníomhaireacht Staitisticí agus Taighde Thuaisceart Éireann
- Plean Gníomhaíochtaí Charn Tóchair 2015

7 TORTHAÍ AN TAIGHDE

7. ANAILÍS AR CHEISTNEOIRÍ MAIDIR LEIS AN GHAELGE I GCARN TÓCHAIR

TABLE OF CONTENTS

| | |
|--|----|
| Anailís ar Cheistneoirí maidir leis an Ghaeilge i gCarn Tóchairr | 50 |
| 1. Anailís ar cheistneoirí | 51 |
| 1.1 Próifíl na bhfreagróirí | 51 |
| 1.2 Próifíl na bhfreagróirí Gaeilge..... | 55 |
| 1.3 Úsáid na Gaeilge i measc na bhfreagróirí | 58 |
| 1.4 An Ghaeilge taobh amuigh den teach | 59 |
| 1.5 Oideachas trí Ghaeilge..... | 63 |
| 2. Sainghrúpaí..... | 66 |
| 3. Tuairimí deiridh na bhfreagróirí | 70 |
| Conclúid agus moltaí | 75 |
| An Carn..... | 75 |
| Feiceálacht na teanga sa phobal | 76 |
| Cúrsaí oideachais..... | 76 |
| An Cumann Lúthchleas Gael | 77 |

1. ANAILÍS AR CHEISTNEOIRÍ

1.1 PRÓIFÍL NA BHFREAGRÓIRÍ

1.1.1 SONRAÍ DÉIMEAGRAFACHA

D'fhreagair 270 duine an ceistneoir ar an iomlán. D'fhreagair duine is seachtó díobh an leagan Gaeilge – 26% de líon iomlán na bhfreagróirí, féach figiúr 1. Léirítear raon aoiseanna na bhfreagróirí i bhfigiúr 2. Bhí raon leathan aoiseanna i measc na bhfreagróirí ach ba é an t-aoisghrúpa 40+ bliana an t-aoisghrúpa ba líonmhaire i bhfad – 57% de líon iomlán na bhfreagróirí, féach figiúr 2. Meascán réasúnta cothrom fear agus ban a d'fhreagair an ceistneoir, féach figiúr 3.




Fig. 1 - Freagraí i nGaeilge & Freagraí i mBéarla




Fig. 3 - Gnéas

1.1.2 CONTAE BREITHE, ÁIT CHÓNAITHE AGUS NÁISIÚNTAUGHT

Rugadh 97% de na freagróirí in Éirinn. I measc na dtíortha eile a luaigh na freagróirí tá: Sasana (4), Stáit Aontaithe Mheiriceá (2), An Ríocht Aontaithe (1), Albain (1) agus an Pholainn (1). I nDoire féin a rugadh 85% de na freagróirí agus rugadh 8% eile i gContae Aontroma. Léirítear na contaetha breithe eile a luaigh freagróirí mar áit bhreithe i bhfigiúr 4.






Fig. 4 - Más Éire, cén contae?

Tá na freagróirí ar fad nach mór ina gcónaí i dtithe agus tá a bhformhór mór ina gcónaí sa cheantar ar feadh 10 mbliana nó níos mó, féach figiúr 5 agus 6.



■ Teach
■ Árasán
■ Eile



■ 1-2bl
■ 2-5bl
■ 5-10bl
■ 10bl+

Fig. 5 - Cá bhfuil gnáthchónaí ort?

Fig. 6 – Cé chomh fada is atá tú i do chónaí sa cheantar?

1.1.3 CÚRSAÍ CLAINNE

Is daoine pósta iad formhór na bhfreagróirí (67%) agus is daoine single iad 27% eile, féach figiúr 7. Thuairiscigh 80% de na freagróirí atá os cionn 18 mbliana d'aois go bhfuil clann acu, féach figiúr 8. An grúpa is líonmhaire ina measc siúd ná freagróirí a bhfuil triúr páistí acu (36%), féach na sonraí ar fad maidir le cúrsaí clainne i bhfigiúr 9.




Fig. 7 - Cad é do stádas pósta reatha?




Fig. 8 – An bhfuil clann agat?




Fig. 9 – Más 'TÁ' cá mhéad páiste?

1.1.4 TEANGA NA BHFREAGRÓIRÍ

Luaigh 173 freagróir (73%) go bhfuil Gaeilge acu agus ba mhaith le formhór mór na bhfreagróirí feabhas a chur ar a gcumas féin, féach figiúirí 10 agus 11.




Fig. 10 – An bhfuil Gaeilge agat?




Fig. 11 – Ar mhaith leat feabhas a chur ar do chumas Gaeilge?

An dá ghrúpa is líonmhaire ó thaobh cumais de ná daoine a bhfuil *fíorbheagán* Gaeilge labhartha acu (45%) agus daoine a thuigeann *go leor* (50%), féach figiúirí 12 agus 13. 60 freagróir (22%) a dúirt go bhfuil siad *líofa nó beagnach líofa* agus go bhfuil *Ardchaighdeán Tuisceana* acu araon.




Fig. 12 – Cad é mar a dhéanfá cur síos ar do chumas i dtaobh labhairt na Gaeilge?




Fig. 13 – Cad é mar a dhéanfá cur síos ar do chumas tuisceana i leith na Gaeilge?

30 freagróir a thapaigh an deis breis eolais a chlárú faoin chumas Gaeilge a bhí acu. I measc na dteachtaireachtaí a tháinig chun solais ná:

- go bhfuil daoine ag tógáil ar an chumas atá acu de réir a chéile.
- go bhfuil tuismitheoirí ag foghlaim ó bheith ag cabhrú lena gcuid páistí leis an obair bhaile.
- go bhfuil Gaeilge mhaith ag roinnt freagróirí chomh maith le cáilíochtaí sa teanga féin.
- gur láidre an cumas tuisceana ná an cumas úsáide.

Léiríonn tábla 1 samplaí de na rudaí a bhí le rá ag na freagróirí i dtaobh a gcumais féin.

| | | |
|------------------------------------|--|------------------------------|
| A few words, usually get the gist. | Less than medium/still learning. Tá mé ag foghlaim | Tuigim Gaeilge go han-mhaith |
|------------------------------------|--|------------------------------|

| | | |
|--|--|--|
| Ábalta í a labhairt go maith agus ag éirí níos fearr ag an léitheoireacht agus scríbhneoireacht. | quite limited but basic understanding through homeworks etc and course and events at An Carn | Good reading ability, fairly good listening but poor speaking ability. |
| Understanding better than spoken | Know a few words and phrases | Basic school level of understanding |
| Can read Irish reasonably fluently but lack practice in speaking the language. | Céim sa Ghaeilge agam agus ag teagasc na Gaeilge le breis agus fiche bliain | I understand general greetings, time, weather etc |

Táb. 1 - Déan cur síos ar do chumas úsáide agus tuisceana i leith na Gaeilge

1.2 PRÓIFÍL NA BHFREAGRÓIRÍ GAEILGE

D'fhreagair duine is seachtar díobh an leagan Gaeilge den cheistneoir. Bhí meascán níos cothroime aoiseanna i measc na bhfreagróirí seo ach dála na bhfreagróirí uile ba é an t-aoisghrúpa 40+ bliain an t-aoisghrúpa ba líonmhaire agus líon réasúnta cothrom fear agus ban atá i gceist, féach figiúirí 14 agus 15.




Fig. 14 – Cén aois thú? (Freagróirí Gaeilge)




Fig. 15 – Gnéas (Freagróirí Gaeilge)

Rugadh in Éirinn iad ar fad seachas duine amháin, thuairiscigh gach duine díobh gur Éireannaigh iad agus rugadh beagnach trí cheathrú díobh i nDoire, féach figiúirí 16-18.




Fig. 16 - Cad é d'áit bhreithe?
(Freagróirí Gaeilge)




Fig. 17 - Cén náisiúntacht atá agat?
(Freagróirí Gaeilge)




Fig. 18 - Más Éire, cén contae?

Dála na bhfreagróirí ar fad, tá cónaí ar fhoirmhór an ghrúpa seo i dtithe agus tá cónaí orthu san áit chéanna ar feadh deich mbliana nó níos faide. Tá meascán cothrom nach mór idir daoine atá pósta agus daoine atá singil agus tá clann ag os cionn a leath díobh, féach figiúirí 19 agus 20. Is triúr nó ceathrar páistí an líon is coitianta páistí i measc na dtuismitheoirí sa ghrúpa seo, féach figiúr 21.




Fig. 19 - Cad é do stádas pósta reatha? Fig. 20 - An bhfuil clann agat?




Fig. 21 - Más 'TÁ' cá mhéad páiste?

1.3 ÚSÁID NA GAEILGE I MEASC NA BHFREAGRÓIRÍ

Léirítear teanga baile i dtithe na bhfreagróirí i bhfigiúr 22. Béarla amháin a úsáidtear i bhformhór na dtithe (61%). Bíonn ‘Béarla agus beagán Gaeilge’ ag 28% de na tithe agus Gaeilge amháin a bhíonn in 11% eile. Thug trí fhreagróir déag eolas breise faoin teanga a bhíonn ina gcuid tithe, féach na rudaí a bhí le rá acu i dtábla 2.




Fig. 22 - Cén teanga a bhíonn sa bhaile?

| | | |
|---|---|--|
| Both | Both English & Irish | Polish |
| Cúpla Focail | Irish and English | Tá muid ag iarraidh |
| Gaeilge agus Béarla | Gaeilge agam ach Béarla ag mo bhean chéile. | Déantar iarracht Gaeilge a labhairt an méid agus is féidir |
| Ag cur brú an Ghaeilge a úsáid an méid agus is féidir | Agus rud beag Gaeilge | Bilingual |
| Meascán de Ghaeilge agus Béarla ach Béarla don chuid is mó. | | |

Táb. 2 - Cén teanga a úsáidtear sa bhaile? Eile (Sonraigh)

Úsáideann 79% de na freagróirí féin an Ghaeilge sa bhaile – úsáideann 51% *anois agus arís* í agus úsáideann 28% *go minic* 28%, féach figiúr 23. Bheadh suim ag formhór mór na bhfreagróirí (87%) tuilleadh Gaeilge a úsáid sa bhaile/lena gclann. I measc na bhfreagróirí a dúirt nach mbeadh suim acu níos nó Gaeilge a úsáid sa bhaile lena gclann úsáideann 23% díobh sin *go minic* cheana féin í agus úsáideann 14% eile díobh an Ghaeilge *anois is arís*. 8% de na freagróirí a dúirt nach úsáideann siad féin an Ghaeilge sa bhaile agus nach mbeadh spéis acu tuilleadh di a úsáid sa bhaile/lena gclann.




Fig. 23 - An mbíonn an Ghaeilge in úsáid agat sa bhaile?




Fig. 24 - An mbeadh suim agat tuilleadh Gaeilge a úsáid sa bhaile / le do chlann?

1.4 AN GHAEILGE TAOBH AMUIGH DEN TEACH

Dúirt 74% de na freagróirí go n-úsáideann siad an Ghaeilge taobh amuigh den teach agus is sa chlub agus sa scoil is mó a bhíonn sí in úsáid dar leo, féach figiúirí 25 agus 26. Dhá fhreagróir is seasca a thug eolas breise faoi na háiteanna a n-úsáideann siad an Ghaeilge. An dá rud is minice a bhí á rá ag na freagróirí anseo ná go n-úsáideann siad an Ghaeilge go sóisialta agus le cairde agus san ionad pobail An Carn. I measc na n-áiteanna eile a luaitear tá: an áit oibre; ranganna Gaeilge; an ciorcal comhrá; i measc an phobail sna siopaí/tithe tábhairne. Féach sampla de na rudaí a bhí le rá acu i dtábla 3 thíos.




Fig. 25 - An úsáideann tú Gaeilge taobh amuigh den teach?




Fig. 26 - Cén áit ina bhfuil Gaeilge in úsáid taobh amuigh den teach?

| | | |
|---|--|---|
| Sporting events football& hurling matches also in activities with my children and grandchildren | Má tá a fhios agam go bhfuil Gaeilge ag daoine, labhraíonn Gaeilge leo | With friends, at classes, at gardening in Drumnaph. |
| Coiste comhphobal, imeachtaí, sa phobal | Baile mór agus mé ag siopadóireacht | Achan áit le mo chlann agus ag an Charn |
| Shops, an carn, with friends and neighbors | With friends on a basic level | Le mo chairde, ciorcal comhrá |
| An Carn, bunscoil | Friends- Basic care | Ollscoil |

Táb. 3 - Cén áit ina bhfuil Gaeilge in úsáid taobh amuigh den teach? Eile (Sonraigh)

Is sa scoil is mó a úsáidtear an Ghaeilge dar leis na freagróirí ach samhlaítear go n-úsáidtear go minic í freisin sa CLG agus sa naíonra, féach figiúr 27. Líon íseal freagróirí a thuairiscigh go mbíonn an Ghaeilge in úsáid sa rialtas nó sa leabharlann. Ábhar suntais nár luaigh ach beirt go mbíonn Gaeilge i stáisiún na bpéas agus sa bhanc.




Fig. 27a - Cén áit i do cheantar a bhfuil an Ghaeilge in úsáid dar leat?




Fig. 27b - Cén áit i do cheantar a bhfuil an Ghaeilge in úsáid dar leat?

Deir formhór mór freagróirí (92%) go bhfuil *mórán eolais* acu i dtaobh na ngrúpaí atá ina gceantar, féach figiúr 28. Bhí/bíonn beagán os cionn trí cheathrú de na freagróirí rannpháirteach in imeachtaí Gaeilge ina gceantar féin agus *ba mhaith* nó *b'fhéidir gur mhaith* le 90% de na freagróirí a bheith níos rannpháirtí in imeachtaí Gaeilge ina gceantar. Tá 84% de na freagróirí ag iarraidh níos mó eolais a fháil maidir le himeachtaí agus seirbhísí Gaeilge agus cultúrtha ina gceantar, féach figiúirí 29 – 31.




Fig. 28 - An bhfuil mórán eolais agat maidir leis na grúpaí Gaeilge i do cheantar?




Fig. 29 - An raibh tú riamh nó an mbíonn tú rannpháirteach in aon imeachtaí Gaeilge i do cheantar féin?




Fig. 30 - Ar mhaith leat bheith níos rannpháirtí in imeachtaí áitiúla Gaeilge?




Fig. 31 - Ar mhaith leat níos mó eolais a fháil maidir le himeachtaí / seirbhísí Gaeilge agus Cultúrtha i do cheantar?

42 freagróir a thug eolas breise faoi na háiteanna a mbíonn an Ghaeilge in úsáid dar leo. Bhí na háiteanna a luaigh na freagróirí anseo ag teacht cuid mhaith leis na háiteanna a úsáideann na freagróirí féin Gaeilge: An Carn agus an Ghaelscoil. Sa bhreis ar na háiteanna sin luaigh na freagróirí ranganna ceoil agus seisiúin; ranganna oíche agus grúpa máithreacha agus páistí; siopaí, bialanna agus caife, agus, tithe tábhairne. Féach i dtábla 4 samplaí de na háiteanna eile a luaigh na freagróirí.

| | | |
|---|---|--|
| Comharchumann an Chairn, siopaí éagsúla i Machaire Rátha. | Community groups ; Primary School; Parent & Toddler Group | Ionad An Carn. Nuair a bhuaílím le mo chairde. |
| in certain homes if parent(s) speak Irish | Some prayers are said in Irish | An Carn centre Bunscoil Naíscoil |
| An carn/an coire | ionad poiblí agus comhaltas | Music classes/sessions |
| Siopaí, óstán, bialanna | Ranganna Oíche srl | Gaelcholáiste Dhoire |
| Club Óige at An Carn | Cuid de na siopaí | Local bars |

Táb. 4 - Cén áit i do cheantar a bhfuil an Ghaeilge in úsáid dar leat?

Léirítear i bhfigiúr 32 an t-eolas atá ag na freagróirí ar na seirbhísí atá ar fáil ina gceantar féin. Na seirbhísí is mó a raibh an pobal ar an eolas fúthu ná na seirbhísí oideachais de chineálacha éagsúla – bhí c.75% de na freagróirí ar an eolas go raibh idir ranganna teanga, ceoil agus oideachas foirmiúil ar fáil trí Ghaeilge. Dúirt c.76% go raibh siad eolas faoin naíonra agus faoin bhunscoil ach ní dúirt ach 65% go raibh siad ar an eolas faoin mheánscoil. Léirigh c. 55-60% go raibh siad ar an eolas faoi na himeachtaí agus áiseanna sóisialta atá ar fáil m.sh an pobal Gaeilge agus ionad cultúir. Na seirbhísí is lú a raibh an pobal ar an eolas fúthu ná seirbhísí trí Ghaeilge in oifig an údaráis áitiúil agus i stáisiún na bpéas.




Fig. 32a - An bhfuil a fhios agat go bhfuil na seirbhísí seo a leanas i do cheantar?




Fig. 32b - An bhfuil a fhios agat go bhfuil na seirbhísí seo a leanas i do cheantar?




Fig. 32c - An bhfuil a fhios agat go bhfuil na seirbhísí seo a leanas i do cheantar?

1.5 OIDEACHAS TRÍ GHAEILGE

Tá 98% de na freagróirí ar an eolas go bhfuil oideachas trí Ghaeilge le fáil ina gceantar féin agus tá 80% de na freagróirí féin nó daoine ina dteaghlach tar éis a bheith ag freastal ar an naíonra, an bhunscoil lán-Ghaeilge nó an mheánscoil lán-Ghaeilge, féach figiúirí 33 agus 34. Dúirt 105 fhreagróir go raibh siad féin nó duine ina dteaghlach tar éis freastal ar an naíonra, ar an mbunscoil lán-Ghaeilge agus ar an mheánscoil lán-Ghaeilge.




Fig. 33 – An bhfuil tú ar an eolas go bhfuil oideachas trí Ghaeilge ar fáil i do cheantar?

Tá spéis ag 82% de na freagróirí san oideachas trí Ghaeilge dá gcuid páistí. Chomh maith leis sin ba mhaith le 90% de na freagróirí go mbeadh níos mó Gaeilge le cloisteáil, in úsáid agus le feiceáil sna scoileanna a mhúintear trí Bhéarla, féach figiúr 35 agus 36.




Fig. 34 – An bhfuil/an raibh duine ar bith sa teaghlach ag freastal ar cheann ar bith acu seo?




Fig. 35 – Má tá páistí agat ag aois réamhscoile, nó dá mbeadh páistí agat sa todhchaí, an mbeadh suim agat iad a chur chuig Oideachas trí Ghaeilge amháin?

Síleann beagnach 90% de na freagróirí gur rud fiúntach dearfach a bheadh ann dá mbeadh níos mó Gaeilge á húsáid ina gceantar féin, féach figiúr 37. Seirbhísí fáilteachais tráchtála is mó ba mhaith leis na freagróirí a fheiceáil ina gceantar féin agus is siopa caife an tseirbhís ba mhó a léiríodh spéis inti, féach figiúr 38a. Na




Fig. 36 – Ar mhaith leat go mbeadh níos mó Gaeilge le cloisteáil, in úsáid agus le feiceáil sna scoileanna a mhúintear trí Bhéarla sa cheantar?

seirbhísí is lú a raibh éileamh orthu ná seirbhísí stáit agus stáisiún na bpóilíní, féach figiúr 38d.




Fig. 37 - An síleann tú gur rud fiúntach agus dearfach é go mbeadh Gaeilge le cloisteáil, in úsáid agus le feiceáil i do cheantar féin?




Fig. 38a - Cé na seirbhísí i nGaeilge ba mhaith leat a fheiceáil i do cheantar?




Fig. 38b - Cé na seirbhísí i nGaeilge ba mhaith leat a fheiceáil i do cheantar?




Fig. 38c - Cé na seirbhísí i nGaeilge ba mhaith leat a fheiceáil i do cheantar?




Fig. 38d - Cé na seirbhísí i nGaeilge ba mhaith leat a fheiceáil i do cheantar?

2. SAINGHRÚPAÍ

2.1 FREAGRÓIRÍ LE GAEILGE A ÚSÁIDEANN AN GHAELIGE SA BHAILE

Dúirt 185 fhreagróir go bhfuil Gaeilge acu agus go mbíonn an Ghaeilge in úsáid ina dteach. Is daoine a úsáideann an Ghaeilge *anois is arís* iad den chuid is mó 62%, féach figiúr 39. Tá meascán nach mór cothrom idir fir agus mná ach is daoine 40 bliain nó níos sine os cionn leath na bhfreagróirí seo, féach figiúirí 40 agus 41.




Fig. 39 - An mbíonn an Ghaeilge in úsáid agat sa bhaile?




Fig. 40 - Gnéis




Fig. 41 - Cén aois thú?

2.1.1 FREAGRÓIRÍ LE GAEILGE A ÚSÁIDEANN AN GHAEILGE SA BHAILE 40+BLIANA D'AOIS

Is daoine pósta a bhfuil triúr nó ceathrar páistí acu formhór na bhfreagróirí seo agus tá meascán nach mór cothrom idir fir agus mná ina measc, féach figiúirí X-Y.

Úsáideann a bhformhór mór (87%) an Ghaeilge taobh amuigh den teach agus is sa *chlub* agus *scoil* is mó a úsáidtear í. Tá *mórán eolais* ag an ghrúpa seo maidir leis na grúpaí Gaeilge atá ag feidhmiú ina gceantar agus bhí / bíonn a bhformhór páirteach in imeachtaí Gaeilge. Bhí éileamh níos cothroime ar na seirbhís Gaeilge ar fad a liostaíodh sa cheistneoir ach dála na bhfreagróirí uile is siopa caife agus siopaí an dá éileamh is mó a bhí acu. Bhí éileamh beagán níos airde ar *chumann áitiúil* agus *ranganna oíche* i measc an ghrúpa seo, féach figiúr 42 thíos.




Fig. 42 - Cé na seirbhísí i nGaeilge ba mhaith leat a fheiceáil i do cheantar?

2.1.2 FREAGRÓIRÍ LE GAEILGE A ÚSÁIDEANN AN GHAEILGE SA BHAILE 18-39 MBLIANA D'AOIS

Dúirt naoi bhfreagróir is caoga san iomlán go n-úsáideann siad Gaeilge sa bhaile. Tá meascán réasúnta cothrom i measc an ghrúpa seo idir daoine singile agus daoine atá pósta, agus idir fir agus mná. Tá clann ag níos lú ná a leath (45%) agus is beirt nó triúr de pháistí is mó atá i gceist. Is sa *chlub* (62%) is mó a úsáideann siad an

Ghaeilge seachas an *scoil* (47%). Bhí an chuid is mó díobh nó duine ina dteaghlach tar éis freastal ar bhunscoil lán-Ghaeilge agus bhí beagáinín os cionn a leath acu (nó duine ina dteaghlach) tar éis freastal ar an Naíonra, féach figiúr 43. Deir 75% den ghrúpa seo gur mhaith leo a bheith níos rannpháirtí in imeachtaí áitiúla Gaeilge agus deir 23% eile gurbh fhéidir gur mhaith leo, féach figiúr Y. Cé is moite de sin tá an grúpa seo nach mór d'aon ghuth ar son níos mó Gaeilge a bheith in úsáid sa cheantar, sna scoileanna ina múintear trí Bhéarla, tá siad ag iarraidh níos mó eolais a fháil faoi na himeachtaí Gaeilge a bheidh ar siúl ina gceantar. Tá an t-éileamh ar sheirbhísí i measc an ghrúpa seo ag teacht le héilimh na bhfreagróirí trí chéile ach go bhfuil éileamh beagáinín níos airde ar sheirbhís Ghaeilge i dteach tábhairne, féach figiúr 45.




Fig. 43 - An bhfuil/an raibh duine ar bith sa teaghlach ag freastal ar cheann ar bith acu seo?




Fig. 44 - Ar mhaith leat bheith níos rannpháirtí in imeachtaí áitiúla Gaeilge?




Fig. 45 - Cé na seirbhísí i nGaeilge ba mhaith leat a fheiceáil i do cheantar?

3. TUAIRIMÍ DEIRIDH NA BHFREAGRÓIRÍ

Chláraigh trí fhreagróir is seasca tuairimí breise ag deireadh an cheistneora. Bhí éagsúlacht mhór i measc na moltaí agus na dteachtaireachtaí a cláraíodh. Bhain siad go príomha le: poiblíocht agus fógraíocht a dhéanamh ar imeachtaí Gaeilge; cúrsaí oideachais agus ranganna; tionchar na Gaeilge ar ionchuirsiú agus eisiámh sóisialta; cúrsaí oideachais; Cumann Lúthchleas Gael. An teachtaireacht is soiléire a tháinig chun cinn anseo áfach ná moladh don obair a bhí ar siúl ar chur chun cinn na Gaeilge agus tacaíocht á léiriú do na grúpaí éagsúla pobail agus teanga atá ina bhun, féach roinnt samplaí i dtábla 5.

| Tacaíocht á léiriú do chur chun cinn teanga agus moladh do na grúpaí pobail | | |
|--|---|---|
| Sílim go bhfuil sé ar fheabhas borradh agus fás na Gaeilge a fheiceáil sa cheantar | An-obair déanta ag muintir An Carn le 20 bliain anuas. | An-obair déanta ag an choiste áitiúil CFCT do ghach aoisgrúpa |
| An Carn do a fantastic job promoting the irish language around Maghera and beyond. They provide loads of opportunities to experience and nurture Irish culture and these are very well advertised. | Ag déanamh an-obair ar fad sa cheantar - réimse leathan d'imeachtaí srl. ar fáil d'óg agus d'aosta. Coinnigh ag dul. Feabhsú ollmhór déanta ag CFCT le 10 mbliana. anuas. | Ag déanamh an-obair ar fad sa cheantar - réimse leathan d'imeachtaí srl. ar fáil d'óg agus d'aosta. Coinnigh ag dul. Feabhsú ollmhór déanta ag CFCT le 10 mbliana. anuas. |
| Great work being done | We have a strong Irish culture in our area but as always theres plenty more to be done | This area is doing great work |
| Nasc agam le blianta fada anuas leis na grúpaí Gaeilge sa cheantar. Bhí an Ghaeilge i gcónaí | Níor tógadh le Gaeilge mé nó níor cuireadh chuig Gaelscoil mé. Ach ab é gurb as ceantar Charn | Tá an Carn ag déanamh sar obair ar thaobh an Ghaeilge i gceantar s'againne. Is brea liom an |

| | | |
|---|---|--|
| lárnach agus mé ag fás aníos sa cheantar, go háirithe sa bhaile agus le mo chairde ag an chlub óige gach Aoine i ndiaidh am scoile. | Tóchair mé is cinnte nach mbeadh Gaeilge agam inniu. Tá an obair atá ag dul ar aghaidh ansin dochréidte agus bhí i gcónaí. Labhraíonn gach Gaeilgeoir Gaeilge lena chéile, rud nach dtarlaíonn achan áit sa tír.... | teanga agus í a chloisteal go hairithe na paistí ag labhairt í. Is rud dearfach, fiuntach agus nadartha é. Tá ár daoine óga iontach bródauil as an theanga agus tá sí ag dul ó neart go neart. Beir Bua! |
|---|---|--|

Táb. 5 - Léirigh sa bhosca thíos aon bharúil eile atá agat maidir leis an Ghaeilge, na grúpaí Gaeilge agus cur chun cinn na Gaeilge go ginearálta, le do thoil.

Tagann feiceálacht na teanga go mór i gceist faoin mír seo. I measc na nithe a mhol na freagróirí tá:

- ba cheart níos mó fógraíochta a dhéanamh do na himeachtaí Gaeilge atá ar siúl sa cheantar.
- ba cheart go mbeadh an Ghaeilge/an Ghaeilge agus Béarla le feiceáil ar chomharthaí bóthair.
- ba cheart go mbeadh comharthaíocht Ghaeilge/dhátheangach le feiceáil i siopaí áitiúla.
 - ba cheart go mbeadh bealach ag siopaí/gnólachtaí a léiriú go bhfuil siad in ann freastal ar chustaiméirí i nGaeilge.
- ba cheart go ndéanfaí poiblíú ar éachtaí agus ar dhea-obair na ngrúpaí teanga sa cheantar.

Féach samplaí de na rudaí a bhí le rá acu i dtábla 6.

| Fógraíocht agus poiblíú | | |
|--|--|---|
| Advertising is key to local people what's on | An Ghaeilge a bheith sofheicthe sa cheantar ms | maybe a network event with local businesses |

| | | |
|--|---|---|
| events/school choices etc | comharthaí bothar. Má tá Gaeilge ag daoine atá ag obair i siopa cuir sin in iúl do na custaiméirí le fógra beag | would help exchange ideas on how Irish could be promoted in the wider area |
| More visual signage in shops | | There is some great work being done locally. More visual needed. |
| Ba mhaith liom comharthaí bóithre a fheiceáil i nGaeilge. Ba bhreá liom comharthaí dhátteangach ar na tsiopaí. Ba mhaith liom an Comhairle Lár Uladh a bheith ag úsáid Gaeilge ar mheáin shóisialta. | There is some great work being done locally but in my opinion the language needs to be more visible even shop signs etc. It would be good to reach out to the whole community but I don't know how this could be done. Someone like Linda Irvine giving a talk. | Tá cóiste íontach ann ag An Carn agus iad ag déanamh fíor-obair ar son na Gaeilge sa ceantar seo. Ba bhreá liom níos mó gaeilge a chloistear + a fheiceáil i gnáth-rudai sa cheantar, siopaí srl. |

Thuairiscigh roinnt freagróirí eolas maidir leis an bhaol a bhaineann le Gaeilge a úsáid timpeall ar dhaoine nach bhfuil Gaeilge acu agus an dearcadh a eascraíonn as sin. Dar le roinnt freagróirí is gá go mbeadh cur chuige uileghabhálach ann a léireodh tábhacht an chultúir trí cheile/tábhacht gach cultúir. Chomh maith leis sin mhol roinnt freagróirí díriú ar dhaoine gan Ghaeilge má tá sé le tabhairt le tuiscint go bhfuil Gaeilge ar fáil don phobal uile.

Bhí iarratais ag roinnt freagróirí maidir le cúrsaí oideachais idir oideachas foirmiúil agus ranganna oíche. I measc na moltaí a tháinig chun cinn a ná:

- go bhfuil bunscoil lán-Ghaeilge ag teastáil **[Machaire Rátha]** agus gá le bunscoileanna chun freastal ar na páistí a chríochnaíonn sna naíonraí.
- go gcuirfí leis an Ghaeilge atá sna scoileanna nach í an Ghaeilge an meán teagaisc iontu.

- go ndéanfaí freastal ar dhaoine fásta/aosta
 - cáilíochtaí foirmiúla a chur ar fáil
 - ranganna a chur ar fáil níos minice nó ag amanna a fheileann do dhaoine fásta
 - ranganna ardleibhéil a chur fáil

Féach samplaí de rudaí a bhí le rá acu faoi chúrsaí oideachais i dtábla 7.

| Cúrsaí Oideachais | | |
|---|--|---|
| GCSE, ARD LEIBHÉAL, DIOPLÓMA, CÉIM AR FÁIL DO DHAOINE FÁSTA | Good evening classes for people looking to expand their knowledge of the language | More comhrá caint groups in daytime. |
| Old peoples group for basic Irish | Bunscoil lán Ghaeilge | It should be taught in all primary schools in Ireland |
| I think much more Irish availability to learn and speak in English and mainstream schools- We need more local Gaelscoils and Bunscoils to take the demand from Naíscoils. | Please continue and increase efforts to promote through education, knowledge and understanding of a rich heritage that is Ireland. | Working full time with 3 kids I welcome any opportunities to build on my knowledge of the language in everyday situations, as I find it difficult to commit to classes at the minute. |

Táb. 7 - Léirigh sa bhosca thíos aon bharúil eile atá agat maidir leis an Ghaeilge, na grúpaí Gaeilge agus cur chun cinn na Gaeilge go ginearálta, le do thoil.

Tháinig Cumann Lúthchleas Gael aníos ar bhealaí éagsúla faoin mhír seo. Deirtear gur éirigh go maith le cur chun cinn na Gaeilge trí CLG agus mhol roinnt freagróirí níos mó a dhéanamh. Luaigh freagróir amháin go bhfuil sé riachtanach go leanfaí leis an nasc le CLG mar go gcuireann sé sin an teanga i láthair an phobail nach n-úsáideann í ar bhealach nach gcuirfeadh scanradh ar dhaoine '.... but I think the continued use/integration with local GAA clubs is a key part of unlocking the 'fear'

factor from within the community who do not use/have knowledge of Irish. ‘. Luaigh freagróir eile go bhféadfaí an Ghaeilge a nascadh le campaí traenála CLG.

Bhain na moltaí/na tuairimí eile a cláraíodh le gnéithe éagsúla de chur chun cinn na Gaeilge idir mholtaí, cháineadh agus tuairimí pearsanta, féach samplaí de na rudaí a bhí le rá acu i dtábla 9.

| Ábhar suntais eile | | |
|---|---|--|
| more Accomodation would open possibility for groups staying, walking groups, conferences, GAA training camps - all with Irish language connection | Ba cheart do Ghluaiseacht na Gaeilge a bheith ag díriú ar labhairt na Gaeilge mar theanga pobail is teaghlaigh. | My only note is question 26.... none of my family have attended any irish school. There is no option for this. I like to hear the language but ive no interest in learning the language. |
| Silim go bhfuil an-dul chun cinn déanta ach go bhfuil tacaíocht oifigiúil de dhíth ón rialtas | Promotion and acceptance of the Irish language is very poor in magherafelt district council area | |
| Tá an Ghaeilge láidir i gceantair éagsúla ach, ar an drochuair, níl sí láidir san áit a bhfuil mé i mo chónaí ann - Aontroim Thuaidh. Tá orainn dul go Contae Dhoire nó níos faide amach. | I am Irish but deliberately do not speak the language now because it is a language that has become politicised and turned into something that is ugly and not inclusive, by certain people. The Irish language has been aggressively driven by certain individuals in our area in a way which is exclusive of all other languages and | Tá sé riachtánach go bhfuil plean ag an phobal áitiúil, go bhfuil coiste ann a bhfuil daoine gan 'ego' ann, go ndéantar luacháil ar a bhfuil sa phlean go rialta, go bhfuil rólanna ar leith ag daoine agus go dtugtar tacaíocht dóibh, go bhfuil na spriocanna sa phlean soláimhsithe agus go mbíonn sé ag freastal ar riachtánais an phobail |

| | | |
|--|--|--|
| | cultures and that is not the Irish culture that I or my family wish to be a part of. | ar a bhfuil sé dírithe. Tá sé ríthábhachtach an glúin óg a mhealladh chuig imeachtaí trí Ghaeilge atá suimiúil agus spreagúil - 'mol an óige agus tiocfaidh sí'. |
|--|--|--|

CONCLÚID AGUS MOLTAÍ

Tá ionadaíocht mhaith ar phobal Charn Togher i measc na bhfreagróirí ó thaobh inscne, cumas teanga, stádas pósta agus duine a bhfuil clann acu agus daoine nach bhfuil. Tá beagnach leath na bhfreagróirí os cionn daichead bliain d'aois ach mar sin tá dóthain de léiriú againn ó na haoisghrúpaí eile gur féidir braistint a fháil ar na mianta a dhearcadh a áireamh.

Tá formhór na bhfreagróirí dearfach faoin obair atá ar siúl chun an Ghaeilge a chur chun cinn i gCarn Tóchair agus sna ceantair máguaird.

Tá an dá thaobh den speictream cumais le brath i measc na bhfreagróirí. Cloistear daoine a bhfuil Gaeilge mhaith acu, a úsáideann Gaeilge sa bhaile agus i measc an phobail, tá siad tar éis a bheith ag freastal ar an oideachas trí Ghaeilge agus bíonn siad rannpháirteach in imeachtaí teanga agus cultúir. Cloistear freisin glórtha na ndaoine sin atá ar bheagán Gaeilge, a bhfuil dea-thoil acu ina leith úsáideann siad an Ghaeilge anois agus arís bheadh spéis acu níos mó eolais a fháil faoi na himeachtaí Gaeilge agus cultúir ina gceantar féin. Teachtaireacht chumhachtach a tháinig chun cinn ón eolas ag deireadh an cheistneora ná an mífhonn a bhíonn ar dhaoine páirt a ghlacadh in imeachtaí mar go samhlaítear go mbainfidh dua le húsáid/foghlaim na teanga, agus, go mbaineann an teanga féin le sainghrúpa eisiach ar leith.

AN CARN

Ón ardmholadh a fuair an t-ionad An Carn is léir gur áis mhaith atá ann agus gurb é croílár an phobail Ghaeilge é. Is é an áit is mó a n-úsáideann daoine an Ghaeilge

taobh amuigh den teach agus is é is minice a tháinig aníos san eolas a soláthraíodh faoi imeachta teanga agus cultúir. Luann na freagróirí réimse imeachtaí atá á reáchtáil san ionad agus níl na himeachtaí sin bunaithe timpeall ar an teanga féin *per se* bÁCáil, ealaíon agus spraoi óige. Tá sé riachtanach go leanfaí le hobair an ionaid seo le freastal orthu siúd a úsáideann é faoi láthair má táthar le pobal cainteoirí Gaeilge a bhuanú agus a dhaingniú.

Sa bhreis air sin molaim go ndíreofaí ar dhaoine gan Ghaeilge nó ar bheagán Gaeilge sna himeachtaí atá ar siúl. B'fhiú breis taighde a dhéanamh lena fheiceáil an mbeadh éileamh ar imeachtaí dátheangacha nó imeachtaí i mBéarla ina bhféadfaí an Ghaeilge a shníomh isteach de réir a chéile. Má bhíonn imeachtaí mar sin ar bun cheana féin is gá breis poiblíochta a dhéanamh orthu nó breis suntais a thabhairt don ghné ionchuimsitheach a chuirfidh ina léiriú go bhfáiltítear roimh chách.

FEICEÁLACHT NA TEANGA SA PHOBAL

Deir roinnt freagróirí go n-úsáideann siad an Ghaeilge sa phobal ina gcuid gnóthaí sna siopaí áitiúla agus mar chuid dá saol sóisialta cheana féin. Tugtar le tuiscint dar liom go bhféadfaí cur le húsáid na Gaeilge i measc an phobail ach a fhios a bheith ag daoine go ndéanfaí freastal orthu trí Ghaeilge sna siopaí nó sna caiféanna. Tá éileamh ann i measc na gcainteoirí Gaeilge is láidre ar chomharthaíocht sráide agus ar chomharthaíocht tráchtála sna siopaí freisin.

CÚRSAÍ OIDEACHAIS

Is léir ón eolas a soláthraíodh go mbeidh ról lárnach ag na seirbhísí oideachais i gcur chun cinn na Gaeilge sa cheantar agus dá bhrí sin ba cheart go mbeadh an obair sna scoileanna, sa tseomra ranga agus lasmuigh de, ina mbonn taca le plean teanga ar bith dar liom. Cé is moite den chlub is sna scoileanna féin, agus timpeall ar imeachtaí scoile, a úsáideann formhór na bhfreagróirí Gaeilge taobh amuigh den teach. Tugtar le fios go bhfuil ag éirí go maith leis an oideachas trí Ghaeilge sa cheantar. Tá taithí éigin ag c.60% ag na freagróirí ar an oideachas trí Ghaeilge agus spéis ag formhór mór na bhfreagróirí san oideachas trí Ghaeilge agus tá 90% de na freagróirí ag iarraidh go mbeadh láithreach níos mó ag an nGaeilge sna scoileanna ina múintear trí Bhéarla. Tugtar le tuiscint freisin i measc na sonraí a soláthraíodh go

bhfuil feidhm níos leithne ag na seirbhísí oideachais (naíonra, bunscoil agus meánscoil) maidir le neartú na Gaeilge. Cothaíonn na himeachtaí dea-thoil agus féinmhuinín i measc an phobail maidir le húsáid na Gaeilge agus is foinsí eolais iad na scoileanna maidir le himeachtaí eile Gaeilge bhíonn ar siúl sa cheantar.

Dealraíonn sé go bhfuil éileamh ar leith ann do ranganna do dhaoine fásta. Ábhar suntais é gur éiligh roinnt freagróirí ranganna ardleibhéil agus ranganna a mbeadh cáilíocht fhoirmiúil ag gabháil leo. B'fhiú breis taighde a dhéanamh maidir leis an éileamh a bheadh ar chúrsa nó clár oideachais i) a bheadh creidiúnaithe ag eagraíocht oideachais a d'fhágfadh go mbeadh cáilíocht ar fáil ar an g*Creat Cáilíochtaí agus Creidiúintí, Sasana agus Tuaisceart Éireann* (QCF), nó, ii) a bheadh dírithe ar cháilíocht dála *Theastas Eorpach na Gaeilge* a bhaint amach. Chomh maith leis molaim féachaint chuige go mbeadh ranganna do dhaoine fásta ar siúl ag amanna ar leith i gcaitheamh lae le freastal ar na sainghrúpaí éagsúla. Mar shampla ranganna d'fhir agus mhná tí a bhfuil clann orthu nach mbeadh ag obair i gcaitheamh an lae, agus, ranganna oíche dóibh siúd a bhíonn ag obair le linn uaireanta oifige.

CUMANN LÚTHCHLEAS GAEL

Feidhmíonn an club CLG mar phointe teagmhála idir an pobal agus an Ghaeilge cé nach bhfuil sé chomh lárnach céanna leis na scoileanna agus an An Carn – de réir an eolais sa tsuirbhé seo cibé. É sin ráite tá feidhm thábhachtach á comhlíonadh ag CLG sa mhéid is go bhfuil an Ghaeilge in úsáid sna fearainn sin lasmuigh den chóras oideachais agus baineann buntáistí ar leith leis sin. Molaim go bhféachfaí le húsáid na Gaeilge a leathnú in imeachtaí an Chlub CLG agus go bhféachfaí le díriú ar dhaoine ar bheagán Gaeilge nó gan Gaeilge ar bith.

8. BEARTA AN PHLEAN TEANGA

8.1 RÉAMHRÁ

Déantar cur síos sa mhír seo ar bhearta an phlean teanga. Sonraítear ar dtús bearta áirithe a bheidh riachtanach leis an phlean a chur i bhfeidhm ar bhealach comhordaithe. Déantar cur síos ansin ar bhearta an phlean teanga mar a bhaineann siad leis an réimsí seo a leanas:

- A. An córas oideachais, lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais
- B. Seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga
- C. Seirbhísí don aos óg
- D. Deiseanna foghlama lasmuigh den chóras oideachais
- E. An earnáil gnó
- F. Eagraíocht pobail
- G. Na meáin chumarsáide
- H. Seirbhísí poiblí
- I. Pleanáil agus forbairt fhisiciúil
- J. Seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire
- K. Úsáid na Gaeilge i measc an phobail, dearcadh an phobail ina leith agus a mhéid a thacaíonn an pobal i gcoitinne leis an phlean teanga.

Ní chuirtear na bearta in ord tosaíochta.

Is tréimhse seacht mbliana atá i gceist le feidhmiú an phlean teanga, agus sonrú saolré gach birt taobh istigh den tréimhse sin, .i. Bliain 1 = 2019, Bliain 7 = 2025. Déantar achoimre ar shaolré na mbeart ag deireadh na míre seo. Meastar go bhféadfaí cuid mhaith de bheart an phlean teanga seo a chur gcrích ar bheagán costais bhreise, ach foras maoinithe a bheith ann lena dhéanamh.

Déantar achoimre i mBéarla ar bhearta an phlean teanga in Aguisín ABC.

Critéir pleanála teanga do líonraí Gaeilge (Acht na Gaeltacht 2012)

1. Eagraíocht, a measann Foras na Gaeilge í a bheith ionadaíoch don phobal faoi alt 11(3) d'Acht 2012, a bheith ann chun an phlean teanga a ullmhú agus a chur i ngníomh sa phobal iomchuí.
2. An cion den daonra arb í an Ghaeilge an teanga labhartha atá acu sa phobal iomchuí, ag féachaint do thionchar tosca déimeagrafacha, eacnamaíocha agus sóisialta ar an bpobal iomchuí.

3. Na socruithe a shonraítear maidir le seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sholáthar sa phobal iomchuí.
4. Forálacha Acht 1998 a bheith á n-úsáid, de réir mar is cuí chun tacú leis an Ghaeilge sa phobal iomchuí, ag féachaint go háirithe do mhíreanna (i) agus (l) den Acht sin.
5. Oideachas bunskoile agus iar-bhunscoile tríú mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa phobal iomchuí, de réir bheartas na Roinne Oideachais agus Scileanna, lena n-áirítear sruthanna a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge i scoileanna Béarla agus roinnt ábhar a bheith á múineadh trí Ghaeilge i scoileanna Béarla, de réir mar is cuí.
6. Beartas teanga cuí a bheith laistigh den timpeallacht scoile a thacaíodh le húsáid na Gaeilge mar theanga labhartha lasmuigh den chóras oideachais sa phobal iomchuí.
7. Seirbhísí cuí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga, a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge as phobal iomchuí.
8. Gníomhaíochtaí sóisialta cuí trí mheán na Gaeilge do dhaoine óga agus d'aoisghrúpaí eile a bheith ar fáil agus beartais teanga chuí a bheith ann i dtaca leis na gníomhaíochtaí sin sa phobal iomchuí.
9. Deiseanna cuí a bheith ar fáil sa phobal iomchuí chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid lasmuigh den chóras oideachais.
10. A mhéid a úsáidtear an Ghaeilge i gcúrsaí sóisialta agus áineasa sa phobal iomchuí.
11. A mhéid a úsáidtear an Ghaeilge san earnáil gnó sa phobal iomchuí.
12. A mhéid a úsáideann na meáin chumarsáide áitiúla an Ghaeilge sa phobal iomchuí.
13. Forálacha iomchuí na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 200 go 2013 a bheith á n-úsáid chun tacú leis an nGaeilge sa phobal iomchuí.
14. Seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa phobal iomchuí.
15. A mhéid a thacaíonn an pobal i gcoitinne sa phobal iomchuí leis an bplean teanga.

Na Bearta

Intreoir

Cuireann an roinn seo síos ar na bearta atá i gceist a chur i gcrích faoi na ceannteidil atá leagtha síos leis an phlean teanga a chur i bhfeidhm. Tá na bearta a roghnaíodh dírithe ar aidhmeanna pleanála teanga, agus ag tacú agus ag cur leis an bhunobair atá curtha agus á cur i gcrích trí chlár na céime Pobail Gaeilge.

BEART 1: FEIDHMIÚ AN PHLEAN TEANGA

BEART 2: FEASACHT, CUMARSÁID AGUS MARGAÍOCHT

2.1 Feasacht & próifíl an líonra

2.2 Feachtas feasachta ghluaiseacht Ghaeilge Charn Tóchair

BEART 3: AN GHAEILGE MAR THEANGA CHLAINNE

3.1 Cúram CIC

3.2 Cumann na dTuistí

3.3 Feachtas earcaíochta do na náiscoilleana

3.4 Cumann na dtuistí

BEART 4 FORBAIRT, DAINGNIÚ AGUS BUANÚ COMHPHOBAL GAEILGE

4.1 Coiste Óige Charn Tóchair

4.2 Ceannasaíocht i measc an aosa óig

4.3 Nasc le Gaelcholáiste Dhoire agus meánscoilleana Béarla sa mhórcheantar.

4.4 Imeachtaí óige

4.5 Ciste Gaeltachta

BEART 5 DAOINE FÁSTA

5.1 Cumasú teanga

5.2 Deiseanna labhartha Gaeilge

BEART 6 AN EARNÁIL GNÓ AGUS FIONTRAÍOCHTA

6.1 Fostaíocht agus oiliúint

6.2 Spraoi CIC

8.2 FEIDHMIÚ AN PHLEAN TEANGA

Beart 1: An Foras Pleanála Teanga, an Coiste Stiúrtha agus an Fóram Tacaíochta

| | | | |
|----------------------|---|---------------------------------|------|
| Réimsí: | A,B,C,D,E,F,G,H,I,J,K | Critéir pleanála teanga: | 1-15 |
| Eolas breise: | <p>Feidhmeoidh Coiste Forbartha Charn Tóchair mar cheanneagraíocht Líonra Charn Tóchair don tréimhse seacht mbliana. Beidh an focal scoir ag CFCT ar aon chinneadh atá le glacadh agus an tionscadal á mhaoirsiú acu go deireadh na tréimhse maoinithe.</p> <p>Beidh Coiste Pleanála Teanga Charn Tóchair ceaptha mar choiste stiúrtha an chomhordaitheora agus ag déanamh monatóireacht leanúnach ar dhul chun cinn an tionscadail agus fforú an phlean teanga mar ról s'acu. Beidh tosaíochtaí an phlean teanga le soiléiriú ag an choiste ar bhonn bliantúil. Beidh sé mar ról ag an CPTCT tuairisciú chuig CFCT.</p> <p>Aithnítear go mbeidh comhordaitheoir pleanála teanga lánaimseartha agus oifigeach tacaíochta & riaracháin páirtaimseartha (1.5 FTE) le fostú leis an phlean teanga seo a chur i bhfeidhm. Beidh an comhordaitheoir pleanála teanga agus an t-oifigeach tacaíochta seo freagrach as na cúraimí laethúla agus faoi stiúir Choiste Pleanála Teanga Charn Tóchair. Moltar go mbeidh cáilíocht tríú leibhéal ag an chomhordaitheoir pleanála teanga chomh maith le taithí ar obair forbartha pobail. Beidh an CPT fostaithe ag an cheanneagraíocht agus oibreoidh sé/sí faoi stiúir an CPTCT le tuairisciú á dhéanamh do CPTCT ag cruinnithe míosúla.</p> <p>Aithnítear go mbeidh foireann láidir de dhíth le bearta an phlean</p> | | |

| | | |
|--|--|------------------|
| | a sholáthar ar an talamh i measc an phobail. | |
| Aidhm: | Córas fheidhmiú an phlean teanga a bhunú le forbairt agus soláthar an phlean féin a stiúradh agus a mhaoirsiú. | |
| Páirtithe leasmhara: | An cheanneagraíocht (Coiste Forbartha Charn Tóchair) An coisteLíonra (Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Charn Tóchair) An comhordaitheoir pleanála teanga An t-oifigeach tacaíochta pleanála teanga | |
| Saolré: | Socruithe agus ullmhúchán: | Seacht mbliana + |
| | Feidhmiú: | Seacht mbliana + |
| Costas measta iomlán: | £402,500 | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Costas an CPT £35,000 Costas an oifigh tacaíochta £16,500 Costas cóiríochta £6000 | |
| Foinsí maoinithe: | Líonra Gaeilge Charn Tóchair, Foras na Gaeilge. | |
| Dúshlán fhéideartha agus réitigh: | Daoine leis na cáilíochtaí agus an taithí chuí a aimsiú agus a choinneáil i rith thréimhse na scéime | |

| | |
|---|---|
| Monatóireacht ar éifeacht an bhirt: | Beidh monatóireacht ar éifeacht an bhirt le meas ar bhonn tréimhsí sé mhí lena dheimhniú go bhfuil an beart ag feidhmiú mar is ceart. |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | <ol style="list-style-type: none"> 1. Tuairisc mhíosúil ón CPT agus ón OT á cur faoi bhráid CPTCT. 2. Tuairisc mhíosúil ón CPTCT á cur faoi bhráid CFCT. 3. Tuairisciú rialta ó CPTCT chuig Foras na Gaeilge |

BEART 2: FEASACHT, CUMARSÁID AGUS MARGAÍOCHT

BEART 2.1 Próifíl & Feasacht an Líonra

| | | | |
|----------------------|--|---------------------------------|-------|
| Réimsí: | G,K | Critéir pleanála teanga: | 1,2,3 |
| Eolas breise: | <p>Beidh obair leanúnach le déanamh ag an CPT leis an mhórphobal a choinneáil suas chun dáta leis an tionscadal. Beidh cúram ar an CPT suíomh idirlín a bhunú agus a riaradh. Beidh cuntas le bunú ar na meáin shóisialta - Facebook, twitter srl – agus beidh siad le huasdátú ar a laghad uair sa tseachtain.</p> <p>De réir mar a bheas an tionscadal ag gabháil ar aghaidh, beidh gá le bunachar sonraí a chur le chéile le heolas agus dul chun cinn an tionscadal a roinnt leis an phobal. Beidh an bunachar sonraí seo in úsáid chun cor poist a dhéanamh ar bhonn seachtainiúil nó coicísiúil, ag brath ar imeachtaí an tréimhse sin.</p> <p>Beidh sé mar chúram ag an CPT L agus an CL go mbeidh sonraí an mhórphobail á mbailiú acu de réir rialacha GDPR.</p> | | |

| | |
|-----------------------------|--|
| | <p>Feasacht a thógáil ar an phleanáil teanga i measc na nGaeilgeoirí, lucht tacaíochta na Gaeilge & oibrithe comhphobail.</p> <p>Seoladh ar phlean teanga Líonra Charn Tóchair - achoimre a dhéanamh i bhformáid ghairid. Athsheoladh a dhéanamh ag an am céanna le foilsiú an liosta gníomhaíochtaí</p> <p>Seoladh na hachóimre straitéisí agus plean gníomhaíochtaí i bhfómhar 2019.</p> <p>Seisiúin soláthartha liosta gníomhaíochtaí a eagrú chun tuilleadh daoine a bheith rannpháirteach.</p> <p>Athbhreithniú a dhéanamh gach sé mhí ar dhul chun cinn an liosta gníomhaíochtaí.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Feasacht ar scéim líonra • Feasacht ar ghluaiseacht Ghaeilge Charn Tóchair • Feasacht ar an Ghaeilge • Feasacht ar an Ghaeloideachas • Feasacht ar dheiseanna foghlama • Feasacht ar dheiseanna labhartha Gaeilge |
| Aidhm: | <ol style="list-style-type: none"> 1. Feasacht ar an tionscadal agus 'ceannach isteach' ón phobal a fhorbairt. 2. Pobal Charn Tóchair a spreagadh le húinéireacht a ghlacadh ar an phleanáil teanga |
| Páirtithe leasmhara: | <p>An cheanneagraíocht (Coiste Forbartha Charn Tóchair)</p> <p>An coiste líonra (Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Charn Tóchair)</p> <p>An CPT</p> <p>Oifigeach SPG Charn Tóchair</p> <p>Comhairle Lár Uladh</p> <p>Ceoltóirí Lúraigh</p> <p>Tearmann Dúlra Dhroim nDamh</p> |

| | | |
|---|---|-----------------|
| | An t-oifigeach margaiochta CLG Shleacht Néil CLG an Ghleanna CLG Bhaile an tSuaitrigh | |
| Saolré: | Socruithe agus ullmhúchán: | Seacht+ mbliana |
| | Feidhmiú: | Seacht+ mbliana |
| Costas measta iomlán: | £17,500 | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | £2500 | |
| Foinsí maoinithe: | Líonra Gaeilge Charn Tóchair, Foras na Gaeilge. | |
| Dúshlán fhéideartha agus réitigh: | Meastar nach mbeidh dúshlán suntasach ag baint leis an bheart seo. | |
| Monatóireacht ar éifeacht an bhirt: | Beidh monatóireacht ar éifeacht an bhirt le meas ar bhonn tréimhsí sé mhí lena chinntiú go bhfuil an beart ag feidhmiú mar is ceart. | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | <ol style="list-style-type: none"> 1. Tuairisc mhíosúil ón CPT á chur faoi bhráid CPTCT. 2. Tuairisc mhíosúil ón CPTCT á chur faoi bhráid CFCT. | |

BEART 2.2 : Feachtas Feasachta ghluaiseacht Ghaeilge Charn Tóchair

| | | | |
|----------------------|--|---------------------------------|---------|
| Réimsí: | A,B,C,D,E,F,G,H,I,J,K | Critéir pleanála teanga: | 1,10,15 |
| Eolas breise: | <p>Aithnítear go bhfuil dianriachtanas ann straitéis cumarsáide a aontú a bheas in úsáid bliain i ndiaidh bliana sa cheantar. Go mbainfear an chomhphobal an leas is fearr den tionscadal beidh sé riachtanach teagmháil rialta a dhéanamh leo.</p> <p>Ceapfar oifigeach margaíochta páirtaimseartha le tabhairt faoin obair seo.</p> <p>Tá deich spriocghrúpa nach mór dul i ngleic leo.</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Gníomhaithe Gaeilge sa cheantar 2. Gaeilgeoirí fásta sa cheantar nach bhfuil ina ngníomhaithe 3. Foghlaimeoirí Gaeilge (daoine fásta) 4. Lucht Béarla Charn Tóchair agus an mórphobal 5. Daltaí Gaelscoile agus an óige 6. Daltaí scoileanna Béarla 7. Múinteoirí Gaeilge sa mhórcheantar 8. Tuismitheoirí agus daltaí Gaelscoileanna agus naíscoileanna 9. Polaiteoirí agus rannóga stáit agus maoinitheoirí 10. Cuairteoirí <p>Cuirfear straitéis chumarsáide le chéile lenár n-insint a scaipeadh i measc an chomhphobail. Díreofar an straitéis seo ar na deich spriocghrúpa a luaitear thuas. Beidh straitéis agus insint ar leith á bhforbairt d’achan spriocghrúpa ach go mbeidh trí mhír lárnach in achan cheann acu.</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Stair na Gaeilge sa cheantar, ceantar ina raibh an Ghaeilge labhartha mar theanga chomhphobal go dtí an 20ú haois 2. Go dtiocfadh leis an ghné seo dár gcultúr a bheith ar ais i | | |

| | | |
|--|--|---------------------|
| | <p>mbéal an phobail agus gurb é an líonra an creatlach chun an bua seo a bhaint amach.</p> <p>3. Ó thaobh an dea-chleachtais maidir le hath-insealbhú teanga, go bhfuil ceantar Charn Tóchair chun cinn ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta – gur áit ar leith é agus comhphobal ar leith é.</p> <p>Cuirfear plean gnímh le chéile a bheas céimnithe leis an leas is mó a bhaint as an straitéis chumarsáide.</p> <p>Feic thíos le haghaidh cur síos sonrach ar an bheart seo chomh maith le plean gníomhaíochtaí.</p> | |
| Aidhm: | <ol style="list-style-type: none"> 1. Líon na nGaeilgeoirí sa cheantar a ardú 2. Líon na ndaltaí náiscoilte sa cheantar a ardú 3. Ambasadóirí don Ghaeilge a earcú ón phobal féin 4. An mórfhobal a chur agus a choinneáil ar an eolas faoi na himeachtaí ar fad atá ar bun sa cheantar. | |
| Páirtithe leasmhara: | <ul style="list-style-type: none"> • Coiste Forbartha Charn Tóchair • Cumann na dTuistí • Coiste Pleanála Teanga Charn Tóchair • An CPT • An OT • Comhairle Lár Uladh • An t-oifigeach margadóir • CLG Shleacht Néill • CLG an Ghleanna • CLG Bhaile an tSuaitrigh | |
| Saolré: | Socruithe agus ullmhúchán: | Bliain 1 – Bliain 7 |
| | Feidhmiú: | Bliain 1 – Bliain 7 |
| Costas measta iomlán: | £105,000 | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | £15,000 | |

| | |
|---|--|
| Foinsí maoinithe: | |
| Dúshlán fhéideartha agus réitigh: | Meastar nach mbeidh dúshlán suntasach ag baint leis an bheart seo. |
| Monatóireacht ar éifeacht an bhirt: | Beidh monatóireacht ar éifeacht an bhirt le mheas ar tréimhse achán sé mhí go mbeidh deis ag an beart dul i bhfeidhm mar is ceart. |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | 1.Tuairisc mhíosúil ón CPT á chur faoi bhráid CPTCT. 2.Tuairisc mhíosúil ón CPTCT á chur faoi bhráid CFCT. |

Creatlach na straitéise cumarsáide do bheart 2.2

Mar chuid den taighde, fócasghrúpa, ceistneoirí srl. shocraigh an coiste go bhfuil sé ríthábhachtach go bhfuil daoine ar an eolas fá ath-insealbhú na Gaeilge sa cheantar ionas

- Go bhfuil a fhios ag na Gaeilgeoirí sa cheantar (idir dhaoine óga agus daoine fásta) an líonra – an fhís agus an straitéis maidir le hath-insealbhú na Gaeilge, agus an ról go dtiocfadh leo a imirt san gluaiseacht.
- Go mbeidh daoine gan Ghaeilge atá ag tacú leis an Ghaeilge (idir thuismitheoirí, foghlaimeoirí, baill coistí agus oibrithe deonacha) páirteach sa líonra agus eolach ar an fhís agus straitéis ath-insealbhaithe na Gaeilge, agus an ról a d'fhéadfadh siad a imirt sa ghluaiseacht.
- Go n-aithníonn daoine gan Ghaeilge agus an mór-phobal go dtiocfadh leo a bheith ag tacú leis an líonra agus le hath-insealbhú na Gaeilge agus go dtiocfadh leo a bheith bródúil as an dul chun cinn atá déanta sa mhórcheantar
- Go bhfuil an comhphobal Bhéarla eolach agus tuisceanach ar an líonra agus ar an phróiseas aistrithe teanga agus muid ag bogadh i dtreo sochaí dhátheangach. Tá míthuairim agus míthuiscint léirithe ag roinnt daoine sa comhairliúcháin.
- Go bhfuil gach aon duine (idir Ghaeilgeoirí agus daoine gan Gaeilge) sa mhór-cheantar eolach ar oiliúint, ranganna, ócáidí sóisialta agus an clár

imeachtaí go ginearálta agus an oiread acu agus is féidir ag glacadh páirte sna imeachtaí atá dírithe orthu agus fóirsteanach dóibh.

- Go dtuigeann tuismitheoirí a bhfuil paistí acu go dtiocfadh leo Gaeloideachas a roghnú dá bpaistí agus a bheith páirteach i saol na Gaeilge agus go bhfuil tacaíocht ar fáil dóibh.
- Go bhfuil a fhios ag daoine óga agus daoine fásta faoi na deiseanna foghlamtha Gaeilge – ranganna, dianchúrsaí, coláistí, clubanna óige, imeachtaí, scoláireachtaí srl.
- Go bhfuil polaiteoirí, rannóga stáit, scátheagrais Gaeilge agus Comhphobal eolach ar an Líonra agus an phróiseas athchuir teanga atá ag tarlú i gCarn Tóchair
- Go bhfuil cuairteoirí chun an cheantair nó daoine ó cheantair Gaelacha nó Ghaeltachta eile eolach ar an líonra agus athbheochan na Gaeilge sa cheantar.

Insint

Ó thaobh straitéis maidir le hath-insealbhú na Gaeilge, caithfidh teachtaireacht shoiléir a bheith in úsáid ionas go mbeidh an tuiscint chéanna ag an daonra ar éagsúlacht sa cheantar. Rinneadh cur síos ar na heilimintí ba chóir a bheith sa teachtaireacht mar seo a leanas:

- Stair na Gaeilge sa cheantar – ceantar ina raibh an Ghaeilge labhartha mar teanga chomhphobail go dtí an 20ú haois
- Go dtiocfadh leis an ghné seo d'ár gcultúr a bheith ar ais i mbéal an phobail agus gurb é an líonra an chreatlach chun an bua seo a bhaint amach.
- Ó thaobh dea-chleachtais maidir le ath-insealbhú teanga, go bhfuil an ceantar Charn Tóchair chun cinn ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta – gur áit ar leith é agus comhphobal ar leith é.

Beidh na trí eilimintí thuasluaite curtha chun cinn fríd an straitéis cumarsáide ag gach aon leibhéal le gach aon spriocghrúpa. Déanann an tábla thíos achoimre ar an

cuir chuige a mbeadh I gceist leis na spriocghrúpaí éagsúla agus an dóigh a bhfuil an Coiste ag dul a bheith ag dul I bhfeidhm.

Plean gníomhaíochtaí do Bheart 2.2

| Spriocghrúpa | Aschur | Uirlisí dírithe | Uirlisí ginearálta |
|--|---|--|---|
| <p>Gníomhaithe Gaeilge sa cheantar</p> | <p>Go dtuigeann na gníomhaithe an prionsabal fán líonra agus go bhfuil siad ar eolas fan fhís agus straitéis aischurtha teanga go mion agus a ról ann.</p> <p>Go mbeidh na gníomhaithe ag spréadh eolais ar an líonra, agus ábalta cur síos beacht agus líofa a dhéanamh ar an fhís agus straitéis.</p> <p>Go dtuigeann na gníomhaithe prionsabail na pleanála teanga agus an aischurtha teanga agus an dóigh is fearr chun iad a chuir i bhfeidhm.</p> <p>Go mbeidh na gníomhaithe ag smaoineamh go straitéiseach ar aischur agus ar phleanáil teanga ionas go mbeidh an clár imeachtaí chomh héifeachtach agus is féidir leis a bheith.</p> | <p>Ceardlanna fá thionscadal an líonra – go mbeidh siad ábalta foghlaim fán fhís, an straitéis agus insint an phlean cumarsáide.</p> <p>Ceardlanna pleanála teanga agus aischurtha teanga.</p> | <p>A. Taispeántas a fhorbairt i bhformáidí difriúla.</p> <p>taispeántas fisiceach, suíomh idirlín, scannáin Youtube bileoga eolais srl. Bunaithe ar na buachpointí seo.</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Cur síos ar stair na Gaeilge sa cheantar <ol style="list-style-type: none"> i. Sochaí Ghaelach go dtí an 17ú haois ii. Meath na Gaeilge go dtí an 20ú aois iii. Athbheochan na Gaeilge ag tús an 20ú haois iv. Athbheochan na Gaeilge le cúig bliana is fiche anuas. 2. An líonra a mhíniú – an fhís agus straitéis aischurtha teanga a mhíniú 3. Teachtaireachtaí ó |

| | | | |
|---|--|---|---|
| <p>Gaeilgeoirí fásta sa cheantar nach bhfuil ina ngníomhaithe</p> | <p>Go mbeidh an grúpa seo in eolas fán Líonra agus an fhís an straitéis agus pleanáil teanga.</p> <p>Go dtuigeann siad go dtiocfadh leo ról a imirt san gluaiseacht agus go bhfuil sé éasca dóibh níos mó a dhéanamh má tá siad ag iarraidh.</p> <p>Go dtuigeann siad an fhís agus an straitéis aischurtha teanga agus</p> | <p>Deiseanna ar leith a eagrú do Ghaeilgeoirí chun bheith ag teacht le chéile.</p> <p>Ceardlanna fán líonra chun iad a chuir ar an eolas fán fhís agus an straitéis agus insint an phlean cumarsáide.</p> <p>Ceardlanna pleanáil teanga agus aischurtha teanga.</p> <p>Cumarsáide fríd na meáin sóisialta agus téacsanna.</p> | <p>eagrais, ceantracha agus daoine cáiliúil (Máire Mhic Ghiolla Íosa)</p> <p>Bheadh ócáid mhór ann chun an taispeántas a sheoladh agus duine mór le rá lena dhéanamh.</p> <p>B. Clár teilifíse</p> <p>Comhoibriú a dhéanamh le</p> |
| <p>Foghlaimgeoirí Gaeilge (daoine fásta)</p> | <p>Go bhfuil a fhios acu fán líonra agus go bhfuil siad ar an eolas fán fhís agus an straitéis aischurtha teanga.</p> <p>Go bhfuil a fhios acu fá na deiseanna foghlamtha Gaeilge uilig agus go bhfuil cuidiú ar fáil má tá siad á iarraidh.</p> <p>Go bhfuil a fhios ag acu fá na deiseanna labhartha Gaeilge agus go bhfuil siad ag glacadh páirte i gcomhphobal na Gaeilge.</p> | <p>Cainteanna feasachta a eagrú mar chuid de na ranganna.</p> <p>Cainteanna ginearálta mar chuid de chlár imeachtaí an Chairn</p> <p>Cumarsáide fríd na meáin shóisialta agus téacsanna.</p> | <p>comhlacht teilifís chun scéal an cheantair agus aischur na Gaeilge a chur in iúl fríd scéalta pearsanta mhuintir na háite.</p> <p>Tá tacaíocht ag an choiste le bheith ag obair le comhlachtaí cheana féin fríd <i>Tóchair an tSaol, An Geansaí agus Daltaí an Chaisleáin.</i></p> <p>C. Na Meáin</p> <p>Ailt agus scéalta rialta</p> |

| | | | |
|---|--|--|---|
| <p>Lucht an Bhéarla i gCarn Tóchair agus an mórfhobal</p> | <p>Go bhfuil an mórfhobal ar an eolas fán líonra agus an fhís agus an straitéis aischurtha teanga sa cheantar.</p> <p>Go bhfuil an mórfhobal tuisceanach ar athbheochan na Gaeilge agus aistriú teanga i dtreo comhfhobal dátheangach.</p> <p>Go bhfuil an mórfhobal an Bhéarla bródúil as dul chun cinn na Gaeilge sa cheantar.</p> | <p>Sraith cainteanna dírithe ar athbheochan na Gaeilge</p> <p>Bileoga dátheangach a scaipeadh thart ar na tithe uilig chun an fhís agus an straitéis a mhíniú, ag díriú isteach ar an Ghaeilge mar oidhreacht an cheantair.</p> | <p>sna páipéir nuachta, raidió, teilifís, meáin shóisialta srl.</p> |
| <p>Daltaí Gaelscoile agus an óige</p> | <p>Go bhfuil siad ar an eolas fá stair na Gaeilge sa cheantar.</p> <p>Go bhfuil a fhios acu fán líonra - an fhís agus an straitéis aischurthar teanga.</p> <p>Go bhfuil a fhios acu go bhfuil siad uilig ina mbaill thábhachtacha den comhfhobal Ghaelach.</p> <p>Go nglacann siad páirt san oiread imeachtaí Gaelacha agus is féidir.</p> <p>Go mbeidh siad ag dul chuig coláiste samhraidh an Chairn</p> | <p>Sraith cainteanna ardaithe feasachta idir ceithre agus sé seachtaine, dírithe ar leibhéal dhifriúla: eochairchéim 1 (EC1), EC2, EC3 agus EC 4. Clár oibríthe amach go mbeidh caint ag achan bhliainghrúpa thar thrí bliana.</p> <p>Imeachtaí spraiúla a eagrú chun na daltaí scoile a spreagadh le bheith páirteach i saol na nGaeilgeoirí óga sa cheantar.</p> | |

| | | | |
|---|--|--|--|
| | <p>nuair atá siad ar bhunscoil agus chun na Gaeltachta ag aois mheánscoile.</p> <p>Go mbeidh siad ag forbairt mar cheannairí óga.</p> | <p>Ciste scoláireachta a bhunú agus a chuir chun cinn</p> <p>Clár ceannasaíochta a forbairt agus a sholáthar do na daoine óga.</p> <p>Cumarsáid fríd na meáin sóisialta.</p> | |
| <p>Daltaí scoileanna Béarla</p> | <p>Go bhfuil siad eolach ar stair na Gaeilge go dtí seo agus ról an líonra in athbheochan na Gaeilge sa cheantar.</p> <p>Go bhfuil an deis acu an Ghaeilge a fhoghlaim ar scoil agus a bheith páirteach in imeachtaí foghlaimeoirí óga agus imeachtaí lán Ghaeilge nuair atá siad líofa .</p> <p>Go mbeidh siad ag dul chuig Coláiste Samhraidh An Carn nuair atá siad ar bhunscoil agus chun na Gaeltachta ag aois mheánscoile.</p> <p>Go mbeidh siad ag forbairt mar cheannairí óga.</p> | <p>Sraith cainteanna ardú feasachta 2-3 seachtain, dírithe ar leibhéal dhifriúla - Eochair Chéim 1 (EC1), EC2, EC3 agus EC 4. Clár oibríthe amach go mbeidh caint ag achan bhliainghrúpa thar thrí bliana.</p> <p>Clár ceannasaíochta a fhorbairt agus a sholáthar do na daoine óga.</p> | |
| <p>Múinteoirí Gaeilge sa mhórcheantar</p> | <p>Go mbeidh an grúpa seo ar an eolas fán líonra, an fhís, an</p> | <p>Ceardlanna ar leith a eagrú leis an fhís, an straitéis</p> | |

| | | | |
|--|---|---|--|
| | <p>straitéis agus pleanáil teanga.</p> <p>Go dtuigeann siad go dtiocfadh leo ról a imirt sa gluaiseacht agus go bhfuil sé éasca dóibh níos mó a dhéanamh má tá siad ag iarraidh.</p> <p>Go dtuigeann siad na deiseanna foghlamtha Gaeilge atá ann dá ndaltaí agus go mbeidh siad ag spreagadh na ndaltaí chun páirt a ghlacadh i saol na Gaeilge.</p> | <p>agus an phleanáil teanga a mhíniú agus iad a chur ar an eolas fá na deiseanna foghlamtha Gaeilge.</p> <p>Nascanna a thógáil idir an Carn agus na cumainn Gaelacha sna meánscoileanna.</p> <p>Comhoibriú le Comhairle na Gaelscolaíochta.</p> | |
|--|---|---|--|

BEART 3: AN GHAELIGE MAR THEANGA CHLAINNE:
Beart 3.1: Cúram CIC

| | | | |
|--|---|---------------------------------|----------------|
| Réimsí: | B,C,D,E,I,J | Critéir pleanála teanga: | 2,3,7,9,10,12, |
| Eolas breise: | <p>Cuirfear plean gnó cúram leanaí le chéile le hamharc ar fhéidearthachtaí comhlacht a bhunú le freastal ar riachtanais Ghaeilge sa cheantar.</p> <p>Beidh gá le hiarratas maoinithe a chur le chéile fá choinne costais chaipitil agus costais reatha don tseirbhís cúraim linbh.</p> <p>Déanfar iarracht maoiniú a fháil le seirbhís cúraim leanaí trí mheán na Gaeilge a sholáthar – daoine a fhostú, oiliúint a sholáthar, forbairt foirgnimh srl. Béim ar ardlíofacht na Gaeilge ag na hoibrithe.</p> <p>Ceadúnas pleanála faighte cheana féin.</p> | | |
| Aidhm: | Seirbhís cúraim leanaí trí mheán na Gaeilge a sholáthar sa mhórchéantar | | |
| Páirtithe leasmhara: | <ul style="list-style-type: none"> • Coiste Forbartha Charn Tóchair • Cumann na dTuistí • Coiste Pleanála Teanga Chairm Tóchair • An CPT | | |
| Saolré: | Socruithe agus ullmhúchán: | Bliain 1 & Bliain2 | |
| | Feidhmiú: | Bliain 3 – Bliain 7 | |
| Costas measta iomlán: | £500,000 | | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | | | |

| | |
|---|---|
| Foinsí maoinithe: | Le deimhniú |
| Dúshlám fhéideartha agus réitigh: | Beidh go leor oibre le déanamh leis an bheart seo a chur i bhfeidhm ach le taithí na ceannagraíochta tá siad muiníneach go gcuirfear i gcrích é le linn shaolré an tionscadail seo. |
| Monatóireacht ar éifeacht an bhirt: | Beidh monatóireacht ar éifeacht an bhirt le meas ach an sé mhí go mbeidh deis ag an bheart dul i bhfeidhm mar is ceart. |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | 1.Tuairisc mhíosúil ón CPT a chur faoi bhráid CPTCT. 2.Tuairisc mhíosúil ón CPTCT a chur faoi bhráid CFCT. |

Beart 3.2 – Cumann na dTuistí

| Réimsí: | A,B,C,D,G, | Critéir pleanála teanga: | 8,9,10,15 |
|----------------------|---|---------------------------------|-----------|
| Eolas breise: | <p>Tacú leis na náiscoilleana áitiúla</p> <p>Seirbhísí luathoideachais (seirbhísí cúraim leanaí, oiliúint ar oibríthe luathoideachais, feighlithe leanaí, srl)</p> <p>Gaeilge sa bhaile</p> <p>Tacú le tuistí (Cumann na dTuistí, pacáistí tacaíochta, ranganna saindiríthe, srl)</p> <p>Cumann na dTuistí a bhunú, macasamhail Comann nam Pàrant in Albain. Beidh sé mar sprioc ag Cumann na dTuistí go mbeidh tuismitheoirí ábalta a bheith páirteach i saol na Gaeilge, ag cuidiú le himeachtaí teaghlaigh, imeachtaí eolais do thuismitheoirí, earcaíocht, poiblíocht srl agus go mbeidh ról fónta ag na tuismitheoirí i forbairt teanga á bpáistí.</p> <p>Le seo a bhaint amach beidh foghrúpa nó coiste le tarraingt le chéile le linn na scoilbhliana a dhéanfaidh liosta spriocanna gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha de réir mar is toil leo féin ach go mbeadh na spriocanna ag teacht leis an mhéid thuasluaite.</p> | | |

| | |
|------------------|--|
| | <p>Déanfaidh an foghrúpa seo ionadaíocht ar thuismitheoirí sa mhórchéantar a bhfuil páistí acu ag freastal ar Ghaeloideachas ó aois náiscoil go haois mheánscoil.</p> <p>Beidh an foghrúpa seo ar fáil le cuidiú leis an CPT imeachtaí a eagrú sa mhórfhobal cosúil le cóisirí, laethanta spraoi, imeachtaí teaghlaigh srl.</p> <p>Eagrófar turais teaghlaigh bhliantúil chun na Gaeltachta do theaghlaigh atá ag tógáil clainne trí Ghaeilge</p> <p>Taighde ar líon na dteaghlach a mbeadh suim acu ann dul ar saoire mar ghrúpa teaghlaigh le linn an tsamhraidh 2020.</p> <p>Taighde ar an áit is fear lóistín, dréachtchlár srl a chur le chéile</p> <p>Pacáiste a ofráil do theaghlaigh atá ag iarraidh dul chun na Gaeltachta – lóistín, cúrsaí do na páistí, cúrsa tuismitheoirí srl.</p> <p>Mar chuid den bheart seo beidh béim mhór á chur ar chomhphobai na náiscoil a fhorbairt agus caidreamh leis na tuismitheoirí a fhorbairt. Chun iad a spreagadh a bheith páirteach sa chomhphobal agus ábalta teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí phaistí Gaelscoil eile.</p> <p>Caint le tuismitheoirí nua náiscoil ag tús na bliana chun iad a chur ar an eolas fá athbheochan na Gaeilge (feachtas feasachta) sa cheantar agus an oiread imeachtaí comhphobail atá ar siúl. Iad a spreagadh le bheith páirteach i gCumann na dTuistí.</p> <p>A dhéanamh cinnte de go bhfuil na tuismitheoirí atá páirteach sna meáin shóisialta mar chuid de ghréasán sóisialta an Ghaeloideachais.</p> <p>Cainteanna agus oícheanta eolais a eagrú le linn na bliana (go háirithe idir Meán Fómhair agus an Nollaig) le heolais a thabhairt ar an Ghaeloideachas chun na tuismitheoirí a mhealladh chun an gaeloideachas a roghnú dá bpáistí</p> |
| Aidhm: | <ol style="list-style-type: none"> 1. Guth a thabhairt do thuismitheoirí i saol Gaeilge a bpáistí. 2. Pobal na Gaeilge a láidriú agus feasacht ar an mhórhionscadal a scaipeadh. |
| Páirtithe | a) Coiste Forbartha Charn Tóchair |

| | | |
|--|--|-------------------|
| leasmhara: | b) Coiste Pleanála Teanga Chairn Tóchair c) An CPT d) An OT e) Cumann na dTuistí Chairn Tóchair f) Naíscoil Charn Tóchair g) Naíscoil Mhachaire Rátha h) Naíscoil Ghreanacháin | |
| Saolré: | Socruithe agus ullmhúchán: | Bliain 1 |
| | Feidhmiú: | Bliain 2-Bliain 7 |
| Costas measta iomlán: | £49,000 | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | £7000 | |
| Foinsí maoinithe: | | |
| Dúshlán fhéideartha agus réitigh: | Toisc gurb é seo an chéad uair a leithéid de ghrúpa a bhunú tá féidearthacht ann go mbeidh an pobal amhrasach faoi. Beidh feachtas feasachta leanúnach le bunú agus tábhacht Chumann na dTuistí fite fuaite ann | |
| Monatóireacht ar éifeacht an bhirt: | Beidh monatóireacht ar éifeacht an bhirt le meas achán sé mhí go dtí go mbeidh deis ag an bheart dul i bhfeidhm mar is ceart. | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm | 1.Tuairisc mhíosúil ón CPT a chur faoi bhráid CPTCT. 2.Tuairisc mhíosúil ón CPTCT a chur faoi bhráid CFCT. | |

| | |
|------------------|--|
| an bhirt: | |
|------------------|--|

Beart 3.3– Feachtas earcaíochta do na Náiscoileanna

| | | | |
|----------------------|--|---------------------------------|------|
| Réimsí: | A,B,K | Critéir pleanála teanga: | 7,15 |
| Eolas breise: | <p>Feachtas earcaíochta Gaeloideachais (náiscoileanna)</p> <p>Cuirfear plean le chéile chun feachtas earcaíochta a fhorbairt – i gcomhar leis an fheachtas feasachta agus ar dhóigheanna eile.</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Feachtas píolótach doras go doras. 2. Forlíonadh leis an Derry Post 3. Ailt sna páipéir 4. Meáin shóisialta: suíomh facebook Ghaeloideachas Chontae Dhoire <p>Déanfar plean earcaíochta bliantúil a fhorbairt agus a sholáthar.</p> <p>Athamharc eatramhach a dhéanamh ar an tsuíomh idirlín www.naiscoil.com chun feabhas a chur air taobh istigh de na hacmhainní atá ar fáil.</p> <p>Déanfar físeáin phoiblíochta nua a fhorbairt agus a chur ar an tsuíomh, youtube agus na meáin shóisialta – le hagallaimh le tuismitheoirí a roghnaigh an Gaeloideachas. Agallaimh le daltaí scoile srl.</p> | | |
| Aidhm: | <ol style="list-style-type: none"> 1. Líon na bpáistí a dhéanann freastal ar scoil lán-Ghaeilge a ardú. | | |

| | | |
|---|--|--|
| | 2. Próifíl an Ghaeloideachais a ardú. | |
| Páirtithe leasmhara: | <ul style="list-style-type: none"> • Coiste Forbartha Charn Tóchair • Coiste Pleanála Teanga Chairn Tóchair • An CPT & An OT • Cumann na dTuistí Chairn Tóchair • Naíscoil Charn Tóchair • Naíscoil Mhachaire Rátha • Naíscoil Ghreanacháin | |
| Saolré: | Socruithe agus ullmhúchán: | |
| | Feidhmiú: | |
| Costas measta iomlán: | £14,0000 | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | £2000 | |
| Foinsí maoinithe: | | |
| Dúshlán fhéideartha agus réitigh: | Meastar nach mbeidh dúshlán ag baint leis an bheart seo. | |
| Monatóireacht ar éifeacht an bhirt: | Beidh monatóireacht ar éifeacht an bhirt le mheas achán sé mhí go dtí go mbeidh deis ag an bheart dul i bhfeidhm mar is ceart. | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | <ol style="list-style-type: none"> 1.Tuairisc mhíosúil ón CPT a chur faoi bhráid CPTCT. 2.Tuairisc mhíosúil ón CPTCT a chur faoi bhráid CFCT. | |

Beart 3.5: Gaeilge don Teaghlach

| Réimsí: | A,B,D,E,K | Critéir pleanála teanga: | 2,3,6,9,10,15 |
|-----------------------------|--|---------------------------------|----------------------|
| Eolas breise: | <p>Molfar go gcuirfear plean forbartha le chéile le tionscadal a stiúradh bunaithe ar Gaeilge don Teaghlach, leabhar oibre do thuismitheoirí ag tógáil clainne trí Ghaeilge nach bhfuil ardchaighdeán Gaeilge acu cheana féin.</p> <p>Suíomh idirlín a bhunú</p> <p>Aipeanna ar líne</p> <p>Aipeanna do ghutháin chliste</p> <p>Leagan le Gaeilge na Mumhan</p> <p>Leagan le Gaeilge Connachta.</p> <p>Sraith físeán cosúil le Now Your talking</p> <p>Na ranganna a sholáthar ar fud na tíre.</p> <p>Bainisteoir tionscadail a fhostú</p> | | |
| Aidhm: | <p>Líon na dtuismitheoirí ag tógáil clainne trí Ghaeilge a ardú.</p> <p>Áiseanna a chur ar fáil do thuismitheoirí</p> | | |
| Páirtithe leasmhara: | <p>Coiste Forbartha Charn Tóchair</p> <ul style="list-style-type: none"> • Coiste Pleanála Teanga Chairn Tóchair • An CPT & An OT • Cumann na dTuistí Chairn Tóchair • Naiscoil Charn Tóchair • Náiscoil Mhachaire Rátha • Náiscoil Ghreanacháin | | |

| | | |
|---|---|-------------------|
| | | |
| Saolré: | Socruithe agus ullmhúchán: | Bliain 1 |
| | Feidhmiú: | Bliain 2-Bliain 7 |
| Costas measta iomlán: | £140,000 | |
| Costas measta in aghaidh na bliana: | £20,000 | |
| Foinsí maoinithe: | | |
| Dúshlán fhéideartha agus réitigh: | Meastar nach mbeidh dúshlán ag baint leis an bheart seo. | |
| Monatóireacht ar éifeacht an bhirt: | Beidh monatóireacht ar éifeacht an bhirt le meas achán sé mhí go dtí go mbeidh deis ag an bheart dul i bhfeidhm mar is ceart. | |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | 1.Tuairisc mhíosúil ón CPT a chur faoi bhráid CPTCT. 2.Tuairisc mhíosúil ón CPTCT a chur faoi bhráid CFCT. | |

BEART 4 FORBAIRT, DAINGNIÚ AGUS BUANÚ COMHPHOBAL GAEILGE

BEART 4.1 Coiste Óige Charn Tóchair

| | | | |
|----------------|-----------|---------------------------------|---------|
| Réimsí: | C,D,G,J,K | Critéir pleanála teanga: | 2,3,6,8 |
|----------------|-----------|---------------------------------|---------|

| | | |
|------------------------------|--|------------------------------|
| Eolas breise: | <p>Bunófar Coiste Óige Chairn Tóchair le go mbeidh ionchur suntasach ag daoine óga ar treoir obair óige trí Ghaeilge sa cheantar. Ceapfar baill CÓCT ó dhéagóirí 16-18 mbliana d'aois. Buailfidh CÓCT uair sa mhí nó níos minice ag bráth ar na himeachtaí óige atá ag teacht aníos. Beidh CÓCT lárnach in imeachtaí óige a phleanáil i rith na bliana agus beidh siad ar fáil le tacaíocht a thabhairt don OPT.</p> <p>Déanfaidh CÓCT polasaí teanga don óige úr a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a bheas sothuigthe do dhaoine óga.</p> <p>Déanfar iarracht CÓCT a reáchtáil mar ghnáthchoiste sa mhéid is go mbeidh CCB le reáchtáil acu uair sa bhliain.</p> | |
| Aidhm: | <ul style="list-style-type: none"> • Go mbeidh daoine óga croílárnach i dtiomáint agus i ngluaiseacht na hoibre óige i gCarn Tóchair. • Go bhfoghlaimoidh na daoine óga an bealach a reáchtálfar coiste agus imeachtaí agus go mbeidh siad réidh bogadh chuig CPTCT agus CFCT de réir a chéile. | |
| Páirtithe leasmhara: | <ul style="list-style-type: none"> • Coiste Forbartha Charn Tóchair • Coiste Pleanála Teanga Chairn Tóchair • An CPT • An OT • Club Óige Lúraigh • Tuismitheoirí agus daoine óga. | |
| Saolré: | Socrúithe agus ullmhúchán: | Bliain 1 – Bliain 7 ar lean. |
| | Feidhmiú: | Bliain 1 – Bliain 7 ar lean. |
| Costas measta iomlán: | £14,000 | |

| | |
|---|--|
| Costas measta in aghaidh na bliana: | £2000 |
| Foinsí maoinithe: | |
| Dúshlám fhéideartha agus réitigh: | <p>Dúshlám fhéideartha: Deacrachtaí daoine óige a mhealladh chuig an choiste.</p> <p>Réiteach: Déanfar achan iarracht na himeachtaí a sholáthar ag am atá fóirsteanach do chách.</p> <p>Cuirfear corás duaise ar bun le daoine a mhealladh chuig an choiste.</p> |
| Monatóireacht ar éifeacht an bhirt: | Beidh monatóireacht ar éifeacht an bhirt le meas achan 6 mhí go dtí go mbeidh deis ag an bheart dul i bhfeidhm mar is ceart. |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | <p>1.Tuairisc mhíosúil ón oifigeach líonra a chur faoi bhráid CPTCT.</p> <p>2.Tuairisc mhíosúil ón CPTCT a chur faoi bhráid CFCT.</p> |

BEART 4.2: Ceannasaíocht i measc an aosa óig

| | | | |
|----------------------|---|---------------------------------|-------------|
| Réimsí: | C,D,J,K | Critéir pleanála teanga: | 2,3,8,12,15 |
